Institiúid Oideachais Marino
Institute of Education
An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin

# Cur chun cinn na Gaeilge trí Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)

Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas

Pádraic Ó Mainín

2020

Líon Focal: 10,996

## Declaration

I hereby certify that this material, which I now submit for assessment on the programme leading to the award of the degree of Professional Master of Education, is entirely my own work and has not been taken from the work of others, save to the extent that such work has been cited and acknowledged within the text of my work. I further declare that this dissertation has not been submitted as an exercise for a degree at this Institute and any other Institution or University. I agree that the Marino Institute of Education library may lend or copy the thesis, in hard or soft copy, upon request.

Printed name: Pádraic Ó Mainín

Date: 11/05/2020

# Achoimre

Díríonn an taighde seo ar eispéiris agus an dearcadh a bhí ag páistí i rang a trí i scoil T2 ar mhúineadh agus ar fhoghlaim chorpoideachais trí Ghaeilge. Rinneadh an staidéar ar ghrúpa amháin daltaí a bhí i rang a trí i scoil lán-Bhéarla. Ghlac 22 páiste (idir 9-10 bliaina d'aois) sa rang páirt in aonad corpoideachais (3 cheacht) trí mheán na Gaeilge. Tugadh faoi na trí cheacht thar thréimhse coicíse agus mhair gach ceacht 40 nóiméad. Bailíodh sonraí cáilíochtúla agus don anailís baineadh úsáid as breathnóireacht dhíreach ar cheachtanna, machnaimh scríofa, ceistneoirí, seicliosta agus grúpa fócais. Thuairiscigh torthaí an taighde gur choinnigh na páistí dearcadh dearfach i leith an chorpoideachais fiú nuair a bhí an ceacht ar siúl i dteanga eile. Chomh maith leis sin d'éirigh na páistí an-spreagtha de réir mar a tugadh deiseanna dóibh chun an Ghaeilge a úsáid i gcluichí gníomhacha sa chorpoideachas. Spreagadh féin-mhuinín agus inniúlacht na bpáistí chun an teanga a úsáid de réir a chéile. Léirigh an anailís roinnt dúshláin oideolaíoch casta agus leanúnach go háirithe i dtaobh cothromaíocht idir ábhar agus teanga sa bpleanáil agus sa teagaisc. Méadaíonn an staidéar ár dtuiscint ar éifeachtacht agus poitinséal FCÁT a úsáid mar thionscnamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn i scoileanna na hÉireann.

**Buíochas**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thug cabhair agus tacaíocht dom agus mé i mbun an tráchtas seo a scríobh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo theagascóir Dr. Claire Dunne dá comhairle, dá treoir agus dá tacaíocht i rith na bliana. Tá buíochas faoi leith ag dul don phríomhoide, na múinteoirí agus na páistí uilig, chomh maith lena dtuismitheoirí, a ghlac páirt sa taighde seo. Ní bheadh an taighde seo indéanta gan a rannpháirtíocht.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le mo chlann uilig. Thacaigh siad liom agus spreag siad mé gach céim den bhealach agus táim fíor bhuíoch díobh.

## Clár na nÁbhar


Liosta Giorrúcháin ........ 6

Caibidil 1 - Réamhrá ........ 7

- Sprioc an Taighde ........ 7
- An Cheist Taighde ........ 10
- Seasmhacht Phearsanta ........ 10

Caibidil 2 - Léirbhreithniú ar an Litríocht ........ 12

- Cúlra agus Prionsabail FCÁT ........ 12
- FCÁT i gComhthéacs Idirnáisiúnta ........ 13
- FCÁT i gComhthéacs na hÉireann ........ 15
- Torthaí, Éifeachtaí agus Teorainn FCÁT d'Fhoghlaimeoirí? ........ 19
- Conclúid ........ 22

Caibidil 3 - Modheolaíocht ........ 24

- An Cheist Taighde ........ 24
- Modheolaíocht Taighde ........ 24
- Na Rannpháirtithe ........ 25
- Cúrsaí Eiticiúla ........ 26
- Céimeanna an Taighde ........ 27
- Ceacht 1, 2 & 3 a Cheapadh ........ 28
- Machnamh ar na Ceachtanna a Theagasc ........ 33
- Machnamh ar na Ceachtanna Uile ........ 35
- Teorainneacha an Taighde ........ 36

Caibidil 4 - Anailís ar Shonraí ........ 37

- Muinín agus Inniúlacht sa Ghaeilge ........ 37
- Tionchar ar Fhoghlaim agus ar Dhearcaí ........ 40
- Fócas Eisiach ar Stór Focal agus Modheolaíochtaí Cuí ........ 41
- Pleanáil na gCeachtanna FCÁT ........ 44

Caibidil 5 - Conclúid agus Moltaí a Eascraíonn ón Taighde ........ 48

- Athmhacnamh ........ 48
- Moltaí ........ 49

Tagairtí ........ 51

Aguisíní......................................................................................................................i

Aguisín A - Litir Toilithe an Phríomhoide/Bord bainistíochta ..............................................i
Aguisín B - Litir Toilithe don Tuismitheoir..............................................................ii
Aguisín C - Foirm Aontaithe na dtuismitheoirí/bPáistí ...................................................... iii
Aguisín D - Ceistneoir Ceacht 1 ............................................................................iv
Aguisín E - Ceistneoir Ceacht 2..............................................................................vi
Aguisín F - Ceistneoir Ceacht 3 ............................................................................ viii
Aguisín G - Grúpa Fócais.....................................................................................ix
Aguisín H – Plean Ceachta FCÁT ..........................................................................x

## Liosta Giorrúcháin

Baintear úsáid as na giorrúcháin seo a leanas le linn an taighde seo ar mhaithe le heascaíocht agus le soiléireacht agus an léitheoir ag dul i mbun léitheoireachta:

FCÁT - Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

CNCM - An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# 1. Réamhrá

## Sprioc an Taighde

Sa taighde seo tá plé déanta ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Is é sprioc an taighde seo ná úsaid a bhaint as an modh múinte FCÁT chun an Ghaeilge a chur chun cinn i scoil T2 suite i suíomh uirbeach.

'Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an príomhtheanga oifigiúil í' (Bunreacht na hÉireann, 1937, lch.9). Cuireann an ráiteas seo i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge in Éirinn. Ceist chasta dhúshlánach í ceist na Gaeilge. Deirtear linn go bhfuil ár dteanga i mbaol báis. Mar sin foilsíodh *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030*. Deirtear linn sa straitéis "aineoinn na gcéadta bliain de dhaoine a bheith ag athrú ó Ghaeilge go Béarla, tá an Ghaeilge fós beo mar theanga bheo phobail i roinnt áiteanna a d'fhan ina nGaeltacht agus tá cuid mhaith daoine lasmuigh den Ghaeltacht ag úsaid na Gaeilge ó lá go lá" (Rialtas na hÉireann, 2010, lch.3). Is í aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsaid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn ceimiúil (Rialtas na hÉireann, 2010, lch.3). Creideann an Rialtas go mbaineann tábhacht faoi leith leis an nGaeilge do mhuintir, do shochaí agus do chultúr na hÉireann. "Aithnítear go hidirnáisiúnta an fiúntas a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch. Is iad na teangacha na príomhuirlisí atá ag duine le hidirghníomhú a dhéanamh agus le smaointe, mothúcháin eolas, cuimhní agus luachanna a chur in iúl. Déanann teangacha nathanna cainte cultúrtha agus oidhreacht theibí chultúrtha a thabhairt leo freisin ar nithe iad croí d'fheiniúlacht an duine, aonair agus d'fhéiniúlacht grúpaí" (Rialtas na hÉireann, 2010, lch.5). Tá brú mór ar Ghaeilge sa tír seo de bharr an Bhéarla. Léiríonn taighde sa Ghaeltacht gur teanga na n-aosach í an Ghaeilge i súile daoine óga go minic (Ní Chonchuir, 2012, lch.115). Tuigeann an páiste dátheangach gurbh é an Béarla an teanga a mbaintear feidhm aisti sa tsochaí. Tá an ré nua teicneolaíocta ag cur an-

bhrú ar an nGaeilge chomh maith agus tá an-tionchar aige seo ar an teanga a labhraíonn páistí ó lá go lá.

Molann Curaclam na Bunscoile (NCCA, 1999a) ar a laghad 3.5 uair an chloig d'am teagaisc don Ghaeilge in aghaidh na seachtaine. In ainneoin an 1500 uair an chloig go gcaitheann mac léinn ag foghlaim na Gaeilge ar scoil, tá tuairim ghinearálta ann go bhfuil éagsúlacht mhór idir méid agus caighdeán teagaisc an Ghaeilge i mbunscoileanna na tíre (An Chigireacht, 2007, 2013; Harris et al., 2006). Teipeann ar thromlach na ndaltaí máistreacht a bhaint amach i scileanna éisteachta, labhartha agus tuisceana ginearálta an teanga agus tá deacrachtaí léirithe maidir le dearcthaí dearfacha a chothú i measc foghlaimeoirí óga (Harris et al., 2006; Harris & Murtagh, 1999). Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb tá comhtháthú foghlama mar cheann de na príomhphrionsabail ag Curaclam na Bunscoile (1999) agus moltar go ndéanfaí an Ghaeilge a chomhtháthú le abhair eile den churaclam. De réir an churaclam nua teanga óir is próiseas comtháite é teanga a fhoghlaim agus tá an cur chuige comhtháite luaite mar bhunsphrionsabal aige. Trí úsáid a bhaint as teanga i réimsí ábhar lasmuigh den cheacht scoite teanga, beidh páistí ábalta a bhfuil foghlamtha acu a neartú agus a ghinearálú. Laistigh den churaclam, is é atá i gceist le comhtháthú ná “aistriú scileanna a tharlaíonn idir teangachas” agus “teanga a mhúineadh i réimsí eile den churaclam” (CNCM, 2019, lch.8).

Le cúpla bliain anuas, tá fás tagtha ar thaighde a dhíríonn ar an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), mar cur chuige foghlama agus modh chun an comhthathú seo a chur i bhfeidhm. D’fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Joe McHugh T.D ar 11 Samhain 2019 go bhfuil 19 scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta roghnaithe do thionscadal nua chun teagasc na Gaeilge a chur chun cinn. Sa scéim phíolótach trí bliana seo usáidfear FCÁT chun Corpoideachas agus ábhair eile a theagasc trí mheán na Gaeilge do pháistí ó aoisghrúpaí éagsúla. Is í aidhm an tionscadail ná FCÁT a chur i

bhfeidhm chun cumas, muinín agus meon an fhoghlaimeora i leith na Gaeilge a fheabhsú i suíomhanna luathbhlianta, i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla (Polasaí um Churaclam agus Measúnacht, 2019). Ábhar cuí is ea Corpoideachas do FCÁT toisc go dtugann sé deiseanna plé agus rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí do dhaltaí. Mar a aibhsíodh sa staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* thuairiscigh leanaí gur bhain siad taitneamh as gníomhaíochtaí fhisiciúil toisc go raibh spraoi ag baint leo. Bhí béim láidir freisin ar an taobh sóisialta de agus ar am a chaitheamh le cairde (Growing Up in Ireland, 2011). Níl sé socraithe fós cén dá ábhar eile a bheidh i gceist sa tionscadal ach d’fhéadfadh gur na hAmharcealaíona, Matamaitic, Eolaíocht, Gnó, Tír Eolaíocht, OSPS nó OSSP a bheidh i gceist.

Is í an teanga “ceann de na croíluachanna cultúrtha is tábhachtaí” (Phillipson & Skutnabb-Kangas, 1995, lch.7). Chuige sin is féidir breathnú ar chur chuige FCÁT mar rud atá úsáideach laistigh de chlár feasachta teanga chun ilteangachas ár sochaí ilchineánaí a mhéadú agus beogacht na dteangacha dúchasacha Gaeilge a chaomhnú, chomh maith le teangacha oidhreachta leanaí mionlaigh teanga. De réir Hornberger (2003), tá teangacha éagsúla luachmhar don tsochaí. Áit amháin chun tús a chur le feasacht a mhéadú ar na teangacha seo agus leas a bhaint as ilteangachas in aon tsochaí is ea an bhunscoil. Táthar ag súil go gcabhróidh cur chuige FCÁT le cleachtóirí seomraí ranga ilteangacha a éascú. FCÁT - “is construed as processing a kind of meaningfulness that is believed to be absent from typical language instruction” (Dalton-Puffer & Smit, 2007).

## An Cheist Taighde

Le blianta beaga anuas tá an-chuid díospóireachta i mbéal an phobail faoi dhul chun cinn na Gaeilge, faoi thodhchaí na teanga agus mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Tá laghdú tagtha ar chumas páistí maidir le héisteacht agus labhairt na Gaeilge agus tá caighdeáin acadúla agus torthaí san ábhar ag éirí níos measa. Ardaíonn sé seo an cheist faoin gcaoi a dtugann muid aghaidh ar cheist na Gaeilge, go háirithe i gcomhthéacs oideachais i scoileanna na hÉireann (Harris & Duibhir, 2011). Tá FCÁT ar cheann de na croí-mholtaí a rinne oideachasóirí agus taighdeoirí chun sealbhú éifeachtach Gaeilge a éascú i measc foghlaimeoirí T2 na teanga agus béim á leagan fós ar an ábhar curaclaim féin (Dillon, 2009). Is beag taighde atá déanta, áfach, ar eispéiris múinteoirí agus a gcuid daltaí ar FCÁT. Leis sin tá sé mar aidhm ag an taighde seo imscrúdú a dhéanamh ar thionchar ceachtanna FCÁT (Gaeilge agus Corpoideachas) ar dhearcthaí páistí. Roghnaíodh an t-ábhar corpoideachas do na ceachtanna FCÁT toisc go dtugann sé deiseanna do dhaltaí plé agus rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí a bheith acu. Ina theannta sin, tá buairt léirithe maidir le cúrsaí sláinte i measc páistí na tíre. Tuairiscíodh sa *Staidéar ar Rannpháirtíocht Spóirt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil Leanaí 2010* nár chomhlíon ach 19% de leanaí bunscoile na treoirlínte náisiúnta gníomhaíochta corpartha (Woods et al., 2010). De réir *Shuirbhé Sláintiúil na hÉireann 2015* tá leanbh amháin as gach ceathrar sa tír róthrom nó murtallach (Rialtas na hÉireann, 2015). Is príomhthosaíocht náisiúnta é mar sin an líon seo a laghdú. Leis sin is é Corpoideachas an t-aon deis cinnte do bheagnach gach páiste in aois scoile seans a fháil gníomhaíocht fhisiciúil a dhéanamh a chuireann lena sláinte agus a bhfolláine.

## Seasmhacht Phearsanta

Rinne an taighdeoir socrucháin scoile i scoileanna T2 a bhí suite i suíomhanna uirbeacha. D’ardaigh an taithí seo go leor ceisteanna pearsanta i leith caighdéan na Gaeilge i scoileanna

T2 na tíre. Tá brú ollmhór ar an nGaeilge de bharr na sochaí ina mairimid. Tá an mórtheanga i gconaí ag brú an t-anam amach as an Ghaeilge. Ardaíonn sé sin an cheist pearsanta don taighdeoir céard atá i ndán don Ghaeilge i scoil T2. Múintear an Ghaeilge ar feadh ceathracha nóiméad ar a mhéid gach lá i scoileanna T2. Tar éis caighdéan na Gaeilge a fheicéail i scoil T2, is iad tuairimí an taighdeoira nár b'shin a dhotháin ama ar chor bith. Mar a leiríonn Seoighe (2014) ina chuid taighde tá meath tagtha ar chumas éisteachta agus labhartha páistí sa nGaeilge. Sa mullach air sin, léirigh tuairisc na Cigireachta go bhfuil fadhbanna ag baint le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2 agus nach mbaineann foghlaim na Gaeilge leibhéal inghlactha amach (An Chigireacht, 2007, 2013, 2018). Tógadh an taighdeoir le Gaeilge agus mar mhúinteoir faoi oiliúint atá tar éis caighdéan na Gaeilge a fheicéail i scoil T2 is ea spreagadh pearsanta an taighdeora iarracht ollmhór a dhéanamh chun an teanga a chur chun cinn.

Is dá bharr seo gur shocraigh an taighdeoir an tionscnamh seo a dhéanamh agus iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht tionscnamh Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) a scrúdú mar bhealach chun caighdéan na Gaeilge a chur chun cinn.

## 2. Léirbhreithniú ar an Litríocht

### Cúlra agus Prionsabail FCÁT

Is féidir FCÁT a shainmhíniú mar modh chun ábhar curaclaim, nó gnéithe d'ábhar eile, a mhúineadh trí theanga eile nach í teanga dhúchais nó máthairtheanga an fhoghlaimeora, áit a mhúintear agus a bhfoghlaimítear an t-ábhar trí mheán na sprioctheanga. "Cur chuige oideachasúil défhócasaithe le béim chomhuaineach, dhá fhócas ina n-úsáidtear teanga eile chun inneachar agus teanga a fhoghlaim agus a mhúineadh" (Coyle, Hood & Marsh, 2010, lch.1). Cé nach ionann FCÁT agus an tumoideachas, cruthaíonn sí solúbthacht agus deiseanna do chur chuige a bhíonn níos dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc na sprioctheanga. Tugann FCÁT blaiseadh níos fearr den sprioctheanga do dhaltaí gan an curaclam a ró-ualú ar bhealach discréideach. Is í aidhm FCÁT ná ábhar a fhoghlaim agus teanga iasachta a fhoghlaim ag an am céanna. Díríonn gnáthcheacht FCÁT ar ábhar, ina n-úsáidtear an sprioctheanga mar an meán trína dtéann na daltaí i ngleic leis an ábhar. Éascaíonn an próiseas seo spriocanna ábhair agus spriocanna teanga a bhaint amach sa cheacht céanna (Coyle, Hood, & Marsh, 2010). Tá níos mó ag baint le FCÁT ná díreach an chéad teanga teagaisc a aistriú go teanga eile, ag súil go mbíonn foghlaimeoirí tumtha i dteanga eile. Ní díreach é an t-ábhar a mhúineadh i dteanga bhreise sa gcaoi chéanna a bhfoghlaimeoidís an máthairtheanga. "*CLIL is not about 'translating' first-language teaching and learning into another language in the hope that learners will be immersed in a bains linguistique and seamlessly learn in another language … teachers have found that CLIL is about far more than simply teaching subject-matter in an additional language in the same way as the mother tongue … it is not a matter of simply changing the language of instruction*" (Coyle, Hood & Marsh, 2010).

**FCÁT i gComhthéacs Idirnáisiúnta**

I gcomhthéacs idirnáisiúnta, tá FCÁT i mbéal an phobail le cúpla bliain anois. Ní tionscnamh ná coincheap nua é agus tá úsáid fhorleathan bainte as FCÁT ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin chun cur le teagasc foirmiúil teangacha agus chun deiseanna éifeachtacha a thabhairt do dhaltaí chun a scileanna teanga nua a chleachtadh. Tá FCÁT in úsáid san Eoraip ón naoú haois déag i leith agus i Meiriceá theas agus i gCeanada ó na seascaidí (Ruiz de Zarobe et al., 2009). Cumadh an téarma FCÁT sa bhliain 1994 (Perez-Canado, 2012). Ó shin i leith, ach go háirithe ag deireadh na nóchaidí, tá méadú tagtha ar úsáid FCÁT agus tá sé soiléir gur tionscal é atá ag fás (Marsh, 2002). Go spéisiúil, tá dhá leibhéal gníomhaíochta éagsúla feicthe ag an gcur chuige, leibhéal de ghníomhaíocht áitiúil ar bhonn áitiúil, agus leibhéal beartais Aontas Eorpach ar an taobh eile. Is iondúil gur tionscnaimh múinteoirí aonair atá mar thúsphointe chun FCÁT a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna oideachas áitiúil coincréite, tionscnaimh a raibh údaráis réigiúnacha nó náisiúnta mall go minic ag freagairt. Ar an taobh eile, le sraith de pháipéir bheartais eisithe ag comhlachtaí agus institiúidí an tAontas Eorpach, tá sé soiléir ó thús na nóchaidí go bhfuil FCÁT, ar leibhéal polaitiúil, mar chroí-ionstraim chun aidhmeanna beartais a bhaint amach agus daonra ilteangach a chruthú san Eoraip (Dalton-Puffer, 2008). Rinne an tAontas Eorpach tagairt sonrach do thábhacht FCÁT sa bhliain 1995 agus arís i 2003, *"…a major contribution to make to the Union's Language Learning Goals*" (Eurydice, 2006, lch.9). Ó 2003 ar aghaidh, mar atá doiciméadaithe ag Dalton-Puffer agus Nikula (2006), tá forbairt déanta ar an taighde idirnáisiúnta a dhíríonn ar FCÁT. Aithnítear go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí maithe ag FCÁT mar chur chuige i leith na foghlama teanga agus tá roinnt staidéar agus páipéar a dhéanann tagairt dó seo. Tá sraith príomhfhigiúirí tar éis obair shuntasach a ghlacadh sa réimse (m.sh. Coyle sa Ríocht Aontaithe, Marsh san Fhionlainn, Mehisto san

Eastóin, Wolff sa Ghearmáin, Dalton-Puffer san Ostair, Lange san Iodáil). Féachfar anois ar roinnt torthaí tábhachtacha maidir le cur i bhfeidhm FCÁT.

De réir Dalton-Puffer (2008, 2009) agus Ruiz de Zarobe (2011), léiríonn an taighde gan amhras go dtéann FCÁT i bhfeidhm go soiléir ar thorthaí foghlama teanga. Tuairiscíodh leibhéil níos airde do rianta FCÁT ná do ghnáthranganna teanga. Feictear an tionchar dearfach ar inniúlacht chumarsáideach dhomhanda, ar scileanna glactha, ar labhairt agus líofacht teanga, ar mhoirfeolaíocht, stór focal, scríbhneoireacht, chruthaitheacht, ghlacadh riosca, agus ar thorthaí mothúchánacha.

I roinnt tíortha, léiríonn na himscrúduithe torthaí an-dearfach (Dalton-Puffer 2007). Mar shampla, i gcomhthéacs na Spáinne, ní hamháin gur aimsigh Navés agus Victori (2010) go raibh mic léinn FCÁT ag feidhmiú níos fearr ná a gcomhghleacaithe neamh-FCÁT, d'éirigh le daltaí méanscoile a bhí bainteach le FCÁT torthaí níos fearr a fháil i gcomparáid le mic léinn neamh-FCÁT, ar gach ceann de na bearta a tástáladh. San Fhionlainn, léirigh tuarascáil Nikula (2005) go mbreathnaíonn múinteoirí ar mhic léinn FCÁT, i gcodarsnacht le mic léinn atá ag foghlaim Béarla mar theanga iasachta, mar úsáideoirí teanga inniúla. Léiríonn sé chomh maith go bhfuil siad muiníneach teanga bhreise a úsáid. Is tír eile í an Ghearmáin ina léirítear tairbhe FCÁT, go háirithe ar chruinneas teanga (Zydatiss 2007). I gcodarsnacht leis sin, sa tSualainn, níl na torthaí taighde chomh spreagúil céanna. D'aimsigh Washburn (1997) nach bhfuair mic léinn FCÁT an inniúlacht céanna lena bpiaraí neamh-FCÁT sna hábhair a ndearnadh staidéar orthu. Rinne Sylvén (2004) imscrúdú ar inniúlacht foclóireachta agus tháinig sé ar an gconclúid gurbh é an méid a nochtadh na ndaltaí sa teanga bhreise lasmuigh den scoil an rud ba thábhachtaí d'fhorbairt teanga na mic léinn seachas FCÁT ar scoil. Ina theannta sin, áitítear go bhfuil idirghníomhaíocht sa seomra ranga níos teoranta i ranganna FCÁT ná i ranganna neamh-FCÁT (Falk, 2008).

Go hachomair, tugann an litríocht idirnáisiunta roinnt conclúidí dúinn ar eifeachtaí FCÁT, go háirithe ó thaobh spriocanna teanga de. Tá sé soiléir ón taighde go bhfuil plé forleathan déanta ar FCÁT agus go bhfuil foilseacháin gan teorainn ar an ábhar ach b'fhiú iniúchadh a dhéanamh ar a bhfuil faoi chaibidil nuair a labhraítear faoi bhuntáistí FCÁT.

Cuireann Navés (2010) béim ar an bhfíric go bhfuil Meiriceá Thuaidh, le dhá scór bliain anuas, gnóthach ag déanamh taighde ar ghnéithe agus ar thionchar na gclár dátheangach rathúil atá acu, tá an Eoraip fós gafa le cur síos a dhéanamh ar a gcuid buntáistí. Is é seo i ndáiríre an chonclúid is suntasaí is féidir a bhaint amach maidir le FCÁT san Eoraip. Cé go bhfuil líon na staidéar ar cur i bhfeidhm agus ar thionchar FCÁT ag fás go seasta (Seregély, 2008), níl móran taighde ann bunaithe ar thorthaí i gcás ina ndéantar agus ina rialaítear athróga ábhartha.

Tá sé soiléir ón taighde go bhfuil neamhréireacht le feicéail maidir le FCÁT i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta. Tá tionchar ag toscaí ar nós creat beartais, oideachas múinteoirí, aois cur i bhfeidhm, agus nochtadh eisréimneach don sprioctheanga ar éifeachtacht FCÁT. I measc na n-athróg eile, tá peirspictíochtaí stairiúla, líon na ndaoine a labhraíonn teanga thromlach na tíre, dearcadh i leith na teanga agus an leibhéal inspreagtha chun teanga iasachta a fhoghlaim (Sylvén, 2013). Cé go léiríonn an taighde idirnáisiunta atá ar FCÁT buntáistí suntasacha ó thaobh gnóthachtáil foghlaimeoirí sa dara teanga (Pérez-Cañado 2012), aithnítear go dteastaíonn breis taighde eimpíreach ar an ábhar de bharr laigí modheolaíochta i gcuid mhór de na staidéir (Marsh, 2002).

**FCÁT i gComhthéacs na hÉireann**

I gcomhthéacs na hÉireann, tá an-díospóireacht ar siúl le tamall anuas faoi dul chun cinn na Gaeilge, todhchaí na teangan agus múineadh na Gaeilge. Tá meath tagtha ar chumas

páistí maidir le éisteacht agus labhairt na Gaeilge (Harris & Duibhir, 2011). Léirigh tuairisc na Cigireachta i 2007 agus arís i 2013 go bhfuil fadhbanna ag baint le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna T2 agus nach mbaineann foghlaim na Gaeilge leibhéal inghlactha amach (An Chigireacht, 2007, 2013). De réir na tuarascála is deanaí ó 2018, tá caighdéan theagasc na Gaeilge ag dul in olcas i mbunscoileanna na tíre. Ní raibh teagasc agus foghlaim na Gaeilge "go han-mhaith nó níos fearr" ach in 12% de na bunscoileanna a ndearnadh meastóireacht scoile iontu idir Eanáir 2013 agus Iúil 2016, i gcomparáid le 27% don Bhéarla agus 33% don Mhatamaitic (An Chigireacht, 2018).

Is scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla (scoileanna T2) iad os cionn 90% de bhunscoileanna an Stáit. Sna scoileanna seo moltar 3.5 uair sa tseachtain, ar a laghad, a chaitheamh ar theagasc na Gaeilge sna meánranganna agus sna hardranganna ach dealraíonn sé nach dtarlaíonn sé seo i bhformhór na scoileanna. Aithnítear go bhfuil brú ama chun na hábhair churaclaim eile a theagasc mar cheann de na bpríomhdhúshlán atá roimh mhúinteoirí bunscoile (Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoil, 2018).

Tá FCÁT ar cheann de na príomhmholtaí ag oideoirí agus taighdeoirí do shealbhú éifeachtach Gaeilge i measc foghlaimeoirí T2 na teanga. Tá FCÁT luaite go sonrach mar oideolaíocht teagaisc teanga i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2019) agus moltar leas a bhaint as chomh maith i gCuraclam na Bunscoile (NCCA, 1999). Tá cur chuige FCÁT geallta sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Moltar ábhar eile an churaclaim a mhúineadh trí mheán na Gaeilge "ar bhonn céimnithe ag teacht leis an dul chun cinn a dhéanfar ó thaobh inniúlachtaí múinteoirí a neartú sa réimse sin, trí chlár cuimsitheach infheistíochta d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí" (Rialtas na hÉireann, 2010, lch.12). Dealraíonn sé gurb í príomhaidhm leis an FCÁT in Éirinn ná an teanga agus dearcthaí i leith na teangan a chur chun cinn, seachas an t-ábhar féin a fhorbairt. Ní dhéantar measúnú foirmiúil ar an ábhar atá in úsáid. Leis na moltaí agus gealltanais ar fad a bhaineann le FCÁT,

mar sin féin, tá an taighde ar FCÁT teoranta. Is oideolaíocht a éilíonn saineolas atá i gceist agus is dúshlán é do mhúinteoirí.

Tugann staidéar Ní Dhiorbháin agus Ní Bhaoill léargas dúinn ar thaithí naonúr múinteoirí faoi oiliúint agus iad ag múineadh ábhair trí Ghaeilge ar shocrúchán scoile i mbunscoileanna Béarla. Cé gur taighde ar scála beag a bhí ann, tugann sé léargas dúinn ar chuid de na dúshláin, chomh maith leis an láidreachtaí atá ag FCÁT (Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoil, 2018). Scrúdaigh staidéar eile a rinne Ó Ceallaigh, Ní Mhúrchú agus Ní Chróinín taithí múinteoirí agus foghlaimeoirí agus iad ag baint úsáide as clár FCÁT, áit ina raibh Corpoideachas á mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Thug torthaí an staidéir faoi deara go raibh taithí an chláir dearfach ar an bhforiomlán agus thuairiscigh na múinteoirí go raibh na daltaí an-spreagtha agus léirigh na páistí agus na múinteoirí faoi oiliúint muinín, sásamh agus inniúlacht teanga (Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú, & Ní Chróinín, 2017).

I dtionscadal Harris et al. (2006), tá plé ar thionscadal FCÁT a rinneadh sna hochtóidí. Rinne 50 múinteoir rang a trí agus a ceathair, thar thréimhse dhá bhliain, cúrsaí iomlána san Eolaíocht agus Ealaín a fhorbairt trí mheán na Gaeilge. Rinneadh an taighde seo roimh theacht isteach don Churaclam 1999. Tháinig na múinteoirí ó réimse leathan gnáth-scoileanna éagsúla, iad siúd i gceantair faoi mhíbhuntáiste san áireamh, agus ní raibh taithí ag formhór acu ar theagasc trí Ghaeilge roimhe seo. Tháinig grúpaí múinteoirí le chéile i gceardlann chun an cur chuige a mhíniú agus a phlé agus chun samplaí de cheachtanna a dháileadh. Tar éis dóibh na hábhair a thriail ina seomraí ranga féin, phléigh na múinteoirí an dul chun cinn agus chuir siad ceistneoirí i gcrích maidir leis na ceachtanna. Mhothaigh na múinteoirí go raibh an-tairbhe ag baint leis na ceachtanna do shealbhú teanga agus gur bhain siad taitneamh as ag an am céanna**.** Caithfear a chur san áireamh gur ghlac na múinteoirí freagracht as ullmhú na gceachtanna agus na n-áiseanna agus nach raibh clár faoi leith á leanúint acu.

Léiríonn alt Seoighe (2014) go bhfuil fás ag teacht ar thaighde déanta ar cur i bhfeidhm FCAT i roinnt scoileanna na tíre. Tugann an t-alt seo léargas iontach ar an éifeacht dhearfach a bheadh ag FCÁT ar fhoghlaim na Gaeilge. Bhí dhá rang agus beirt mhúinteoirí i gceist sa staidéar a d'úsaid FCÁT chun ealaín a mhúineadh trí mhéan na Gaeilge. Léirigh torthaí an taighde seo gur "tháinig athrú suntusach ar dhearcadh na bpáistí i leith na Gaeilge ag deireadh an taighde" (Seoighe, 2014, lch.67). "Tugann FCÁT muinín do mhúinteoirí a gcumas Gaeilge a fhorbairt. Tugann sé focás do pháistí, agus cuireann sé le stór foclóra páistí agus múinteoirí sa Ghaeilge. Cuireann FCÁT páistí ag machnamh agus cuireann sé dúshlán rompu" (Seoighe, 2014, lch.72).

Léiríonn staidéar Ó Dubhchon (2019) go noibríonn FCÁT go mór i scoileanna ina bhfuil Gaeilge neamhfhoirmiúil a chur chun cinn agus a úsáid go rialta. Dar leis tá sé ríthábhachtach go roghnaíonn múinteoirí an t-am ceart FCÁT a thosnú sa rang. Leis an staidéar cuireadh FCÁT i bhfeidhm le dhá rang difriúil thar tréimhse bliana i scoil T2 le cultúr láidir Gaeilge. Roghnaíodh tíreolas a mhúineadh trí mhéan na Gaeilge le rang a sé agus corpoideachas a mhúineadh trí Ghaeilge le rang a dó. Roghnaíodh na hábhair sin mar go raibh an-suim léirithe ag na páistí iontu. Bhí deá-thionchar ag an tionscnamh FCÁT ar na páistí sa dá rang. Bhí sé de thuairim ag tromlach na bpáistí gur fhás a féinmhuinín sa Ghaeilge, go raibh na ceachtanna taitneamhach agus go raibh dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh cúrsaí gramadaí agus cruinnis de. Chomh maith leis sin bhí na daltaí ag úsáid Gaeilge taobh amuigh den rang Gaeilge agus ag léiriú níos mó suime ann. "Tháinig méadú ar an méid Gaeilge neamhfhoirmiúil a bhí in úsáid sa rang de réir a chéile" (Ó Dubhchón, 2019, lch.27).

**Torthaí, Éifeachtaí agus Teorainn FCÁT d'Fhoghlaimeoirí?**

Is léir ón litríocht atá ar fáil faoi FCÁT go gceapann taighdeoirí ar leith gur cur chuige éifeachtach é chun teanga bhreise a chur chun cinn. Deir taighdeoirí eile nach bhfuil morán fiúntas ag baint le FCÁT agus nach mbíonn difríocht ró-mhór idir na scoláirí a fhaigheann teagasc tré FCÁT, agus na scoláirí nach bhfaigheann. San alt thíos deantar cur síos ar éifeacht agus ar teorainn FCÁT d'fhoghlaimeoirí.

Tá buntáistí ar leith ag FCÁT don Ghaeilge. Soláthraíonn sé deiseanna cumarsáide agus seans teanga a fhoghlaim nó a shealbhú ar bhealach nádúrtha. Tá an páiste rannphairtíoch san fhoghlaim agus tá tionchar aige seo ar fhorbairt feidhm chognaíoch an dalta. Cothaíonn sé dearcadh dearfach i leith na teanga agus tagann feabhas ar féinmhuinín agus feasacht teanga an fhoghlaimeora. Tacaítear le forbairt inniúlachtaí cruthaitheacha an fhoghlaimeora agus déantar buntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais a leathnú agus a chothú (Polasaí um Churaclam agus Measúnacht, 2019). Tá na buntáistí seo an-tábhachtach d'fhoghlaim na Gaeilge toisc nach bhfuil mórán teagmhála ag páistí óga leis an nGaeilge lasmuigh den seomra ranga.

Cuireann FCÁT comhthéacs nádúrtha ar fáil d'úsáid aiceanta na teanga. Áitíonn Wolff (2002) go gcuireann FCÁT comhthéacs agus timpeallacht luachmhar ar fáil don chumarsáid inchreidte nádúrtha. De réir curaclam teanga na bunscoile, is bealach éifeachtach í an FCÁT le teagmháil na bpáistí leis an nGaeilge a mhéadú trí fhíorchomhthéacsanna a chruthú ina mbeidh an teanga á húsáid ag páistí. Tugann FCÁT deis do pháistí coincheapa, meonta agus scileanna i réimse ar leith den churaclam a fhoghlaim trí Ghaeilge, agus a muinín a fhorbairt trína scileanna nua teanga a úsáid taobh amuigh den cheacht teanga. I measc na mbuntáistí eile do dhaltaí tá feabhsuithe ar spreagadh agus eolas na ndaltaí

sa Ghaeilge agus san ábhar araon, forbairt ar a bhfeasacht agus a n-eolas cultúrtha, agus ar straitéisí foghlama agus cumarsáide (CNCM, 2019, lch.38).

I measc na mbuntáistí do mhúinteoirí, tugtar deiseanna an Ghaeilge a chomhtháthú trasna an churaclaim ar bhealach gníomhach bríoch. Bíonn méadú ar dheiseanna don fhorbairt ghairmiúil ina gcuirfidh an oiliúint lena dtuiscint ar an gcur chuige FCÁT, na prionsabail oideolaíochta atá mar bhunús ag FCÁT, mar aon le hoideolaíochtaí teagasc teanga eile. Tá deiseanna ann chomh maith chun an comhoibriú le comhghleacaithe laistigh dá scoil féin, mar aon le múinteoirí ó scoileanna eile, a mhéadú agus deiseanna an leibhéil spreagtha a ardú maidir le foghlaim na Gaeilge i measc foghlaimeoirí ina ranganna (CNCM, 2019, lch.38). De réir na cigirí ní bhíonn mórán obair bheirte ar siúl sa cheacht Gaeilge agus cuireann páistí in iúl go mbíonn an ceacht Gaeilge leamh. Tugann cigirí faoi deara nach bhfuil sprioc soiléir foghlama ann minic go leor sna ceachtanna Gaeilge (An Chigireacht, 2018). Bíonn buntáistí ag an gcur chuige FCÁT chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo agus foghlaim comhoibritheach a chothú trí ábhar eile

Chun FCÁT a chur i bhfeidhm tosaíonn múinteoirí a gcuid pleanála trí ábhar a roghnú atá oiriúnach don FCÁT chun deiseanna plé agus idirghníomhachta a chruthú. De réir an churaclaim teanga ba cheart do mhúinteoirí smaoineamh ar na hábhair a thugann iasacht féidearthacht dóibh deiseanna cumarsáide a chruthú sa rang. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí na daltaí a chur ag caint go nádúrtha lena chéile, fadhb a réiteach lena chéile nó brí a léiriú, agus sa gcaoi nach mbeadh ar an múinteoir déantúsaíocht a dhéanamh ar an suíomh foghlama teanga (CNCM, 2019). Ní mór do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar na hábhair ina bhfuil siad compordach múineadh trí Ghaeilge chomh maith. Moltar ábhair a theagasc ag úsáid FCÁT nuair atá an teanga nua atá ag teastáil don ábhar curtha ar fáil roimh ré ag an múinteoir. Tá ábhar tacaíochta maidir le FCÁT a úsáid ar fáil in uirlisí úsáideach i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2019).

Aithnítear, áfach, go bhfuil dúshláin ag baint le FCÁT, agus tá gá le níos mó taighde eimpíreach sa réimse. Mar shampla, tá sé soiléir i dtuarascáil Eurydice go bhfuil FCÁT i bhfad ó bheith ina shamhail oideachais chomhdhlúite agus líofa i gceachtar de na dtíortha Eorpacha a ndearnadh suirbhé orthu (Eurydice, 2006). Dar le Costa agus D'Angelo (2011) tá leibhéal ard inniúlachta an mhúinteora sa spriocteanga riachtanach le dea-chleachtais FCÁT, agus is dúshlán mór é seo do rath FCÁT in Éirinn. I staidéar Harris, rinne 25% de bhunmhúinteoirí féinmheasúnú ar a gcumas féin sa Ghaeilge mar lag nó an-lag (Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile, & O'Gorman, 2006). De réir Thuairisc na Cigireachta, measadh nach raibh ach cumas measartha labhartha ag 20% de na múinteoirí, caighdeán sásúil ag 55% agus ardchaighdeán ag 22% acu. Tá "laigí ag baint lena gcumas labhartha sa Ghaeilge nó lena gcumas teagasc Gaeilge i measc nach mór leath de na múinteoirí sa mheastóireacht" (An Chigireacht, 2007, lch.19). I gcomhthéacs na tuairisce sin, bheadh FCÁT in ann cabhrú le sárú na faidhbe seo. De réir an taighde seo, mothaíonn roinnt múinteoirí ciontach, toisc nach bhfuil Gaeilge líofa acu agus d'fhéadfadh FCÁT cabhrú leo líofacht ní b'fhearr a bhaint amach.

Ceann de na dúshláin is suntasaí ná ganntanas acmhainní agus oiliúna, go mórmhór i scoileanna nach í an Ghaeilge an príomh-mheán teagaisc. Má tá FCÁT chun dul i bhfeidhm go rathúil i scoileanna, caithfear aithint gurb é inniúlacht múinteoirí bunscoile sa Ghaeilge an chéad dúshlán atá ós ár gcomhair. Bheadh idir thacaíocht agus inseirbhís leanúnach de dhíth ar na múinteoirí, leis an múnla 'The Gradual Release of Responsibility Model' ina scaoiltear leis an dualgas céim ar chéim (Fisher et al., 2008). Teastaíonn níos mó taighde chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tsamhail is éifeachtaí le haghaidh FCÁT a chur i bhfeidhm.

De réir Thuarascáil Phríomhchigire na Roinne Oideachais agus Scileanna (2013, lch.49) "Níl i bhfeidhmiú oideolaíochta diongbháilte ach ceann de na dúshláin a bhíonn ag múinteoirí. Tá an easpa inniúlachta teanga i measc múinteoirí áirithe doiciméadaithe go maith

freisin”. Chomh maith leis sin, do mhic léinn agus do mhúinteoirí araon, tá tionchar diúltach ag comhthéacs feidhmiúil ar fhoghlaim na Gaeilge, ar dhearcaí i leith na teanga, agus ar an spreagadh chun an teanga a fhoghlaim. “Braitheann an Ghaeilge ar dhearcaí, iarrachtaí agus tiomantas scoileanna aonair agus múinteoirí ar bhealach nach ndéanann ábhair eile” (Harris et al., 2006, lgh.37-38). I bhfianaise na ndúshlán thuasluaite, maímid go n-iarrtar freagraí cruthaitheacha ar theagasc na Gaeilge. Chomh maith leis sin, is teangeolaithe minic go leor a dhéanann measúnú ar na ceachtanna Gaeilge seo. De réir na treochtaí sa taighde, is é an dúshlán is tábhachtaí atá roimh thaighde FCÁT ná nósanna imeachta modheolaíochta taighde oideachas dátheangach a dhearadh agus a athmhaisiú go leanúnach. Déanann Pérez-Canado (2012, lch.331) meta-anailís ar thaighde FCÁT san eoraip agus ar na príomhréimsí a bhfuil géarghá leo. Ina measc tá staidéir eimpíreach taighde-bhunaithe ar thorthaí teanga taighde FCAT, staidéir fhadtréimhseacha ar gach gné d’oideachas FCÁT, measúnú ar eolas teanga agus ábhar araon, anailís ar mhodheolaíocht teagaisc FCÁT, agus beathnóireacht múinteoirí FCÁT, lena n-áirítear a gcuid oiliúna, teanga an tseomra ranga, teicnící comhoibrithe, srl.

**Conclúid**

Mar a luaitear thuas, ní tionscnamh ná coincheap nua é FCÁT agus tá sé in úsáid go hidirnáisiunta ón naoú haois déag i leith (Ruiz de Zarobe et al., 2009). Ó shin tá méadú tagtha ar úsáid FCÁT agus tá sé soiléar gur tionscal é atá ag fás (Marsh, 2002, lch.59). I gcomhtheacs na hÉireann, tá FCÁT ar cheann de na príomhmholtaí ag oideoirí agus taighdeoirí do shealbhú éifeachtach Gaeilge i measc foghlaimeoirí T2 ach tá an taighde teoranta sa réimse. Aithnítear thuas go bhfuil buntáistí ar leith ag baint leis an FCÁT, mar shampla tugann sé deiseanna cumarsáide do dhaltaí teanga a fhoghlaim ar bhealach nádurtha agus dearcadh dearfach agus féinmhuinín a thabhairt dóibh i leith na teanga. Cé go léiríonn an taighde go dtí seo na buntáistí suntasacha atá ag FCÁT ó thaobh gnóthachtáil

foghlaimeoirí sa dara teanga (Pérez-Cañado, 2012), aithnítear go dteastaíonn breis taighde eimpíreach ar an ábhar de bharr laigí modheolaíochta i gcuid mhór de na staidéir (Marsh 2002). Ar ndóigh tá dúshláin ag baint le FCÁT chomh maith. Ina measc an dúshlán ba shuntasaí chun FCÁT a chur i bhfeidhm ná an cumas labhartha nó an cumas teagasc atá ag múinteoirí sa Ghaeilge.

Cé gur sainaithníodh gnéithe de chláir rathúla FCÁT, níor cuireadh oideolaíocht maidir leis an gcomhtháthú is fearr i gcrích go hiomlán fós. Is amhlaidh an cás i gcomhthéacs na hÉireann freisin, áit ina bhfuil easpa treoir ann do mhúinteoirí an cur chuige oideolaíocht a chur chun feidhme de réir mar a chomhtháthaíonn siad an Ghaeilge i dteagasc ábhair trí FCÁT. Ní thuigtear fós an bealach is fearr an t-ábhar agus an teanga a chothromú i FCÁT d’fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí na tíre (Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú, & Ní Chróinín, 2017). D’fhéadfadh go gcabhródh an taighde seo le cúngú an deighilt idir ábhair imní theoiriciúla agus oideolaíocha.

# 3. Modheolaíocht

## An Cheist Taighde

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo imscrúdú a dhéanamh ar thionchar ceachtanna FCÁT (Gaeilge agus Corpoideachas) ar dhearcthaí páistí. Ba í an mhórcheist taighde ná: '*Cén dearcadh a bhí ag páistí i rang a trí i scoil T2 i suíomh uirbeach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim chorpoideachas trí Ghaeilge?*'.

Sa gcaibidil seo féachfar ar dtús ar chur le chéile na n-uirlisí taighde bunaithe ar an gcur chuige a bhí in úsáid ag taighdeoirí eile. Ansin breathnófar ar cheapadh na gceachtanna éagsúla agus ar an gcaoi a chuaigh an t-aischothú a fuarthas tar éis gach ceachta i bhfeidhm ar cheapadh an chéad cheacht eile. Faoi dheireadh, taispeánfar an chaoi ar eagraíodh na grúpaí fócais chun machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna ar fad.

## Modheolaíocht Taighde

Threoraigh roinnt staidéar atá déanta ar FCÁT roghnú na modheolaíochta sa taighde seo. Leis an athbhreithniú a rinneadh ar litríocht FCÁT, dhírigh paipéir ar leith an gcur chuige modheolaíocht sa taighde seo a roghnú.

Tugann staidéar scála-beag Ní Dhiorbháin agus Ní Bhaoill léargas ar eispéiris naonar múinteoirí faoi oiliúint (MFO) ar ábhair eile a theagasc trí Ghaeilge agus iad ar shocrúchán scoile i mbunscoileanna Béarla. Don mhodheolaíocht, baineadh úsáid as roinnt uirlisí taighde chun fairsinge agus saibhreas eispéiris na rannpháirtithe a bhailiú. Bhailigh na MFO sonraí cáilíochtúla ón athmhachnamh a rinne siad ar a bpleananna ceachta FCÁT, ó aiseolas ó na páistí agus na múinteoirí ranga, ó nótaí breathnóireachta agus ó mheasúnú ar obair na bpáistí.

Léirigh an staidéar an buntáiste a bhaineann le sonraí cáilíochtúla a bhailiú agus muid ag iarraidh dearcthaí agus eispéiris FCÁT a iniúchadh.

Sa taighde seo, baineadh úsáid as roinnt de na huirlisí taighde céanna: breathnóireacht ranga, machnaimh scríofa agus ceistneoirí. Baineadh úsáid as seicliosta chomh maith, rud úrnua nach raibh in úsáid ag taighdeoirí eile, chun díriú ar fhoghlaim na scileanna corpoideachais chomh maith. Bhí an bhéim seo tábhachtach don taighdeoir toisc gur léirigh an litríocht i gcoitínne róbhéim ar spriocanna teanga seachas ábhar.

**Na Rannpháirtithe**

Rinneadh an staidéar ar ghrúpa daltaí a bhí i rang a trí i scoil lán-Bhéarla. Bhí 22 páiste sa rang: 9 cailíní agus 13 buachaillí. Bhí na páistí ar fad idir 9-10 bliaina d'aois. Bhí na páistí sa taighde seo níos óige ná na rannpháirtithe i staidéir Ní Dhiorbháin agus Ní Bhaoill ach cosúil leis na rannphairithe sin, b'í seo an chéad uair dóibh ábhar eile a dhéanamh trí Ghaeilge.

Maidir leis an gcaidreamh a bhí ag an taighdeoir leis an ngrúpa páistí, tá sé tábhactach a chur san áireamh nach raibh aithne ag an taighdeoir ar an rang sular tosaíodh an taighde. Mar sin ní raibh cumas Gaeilge na bpáistí ar eolas ag an taighdeoir roimh ré. Roimh an tionscnamh thuairiscigh an múinteoir ranga gur léirigh mórchuid na páistí sa rang dearcadh an-dearfach i leith an chorpoideachais. Thuairiscigh sí freisin go raibh éagsúlacht níos fairsinge i ndearcthaí na bpáistí i leith na Gaeilge, i gcás cuid mhaith leanaí ní raibh siad chomh díograiseach faoin nGaeilge agus a bhí siad faoin gcorpoideachas.

**Cúrsaí Eiticiúla**

Le linn an tionscadal seo claíodh le cód eitice an choláiste i gconaí. Sular thosaigh na ceachtanna FCÁT bhí cead faighte ón gcoláiste agus ó phríomhoide na scoile agus an múinteoir ranga. Tá cóip den litir a tugadh don phríomhoide in Aguisín A. Tugadh litir toilithe don phríomhoide le siniú ar son na scoile. Bhí 5 lá aige le breathnú air chun machnamh a dhéanamh air. Míníodh an taighde dó agus freagraíodh aon cheist a bhí aige sular shínigh sé an litir. Bhí an-suim sa tionscadal mar gheall ar chúlra na scoile i leith na Gaeilge.

Ba é an chéad chéim eile ná toiliú tuismitheoirí na bpáistí agus aontú na bpáistí féin a fháil. Tá cóip den fhoirm thoilithe in Aguisín C. Bhí cead ag na páistí féin cinneadh a dhéanamh gan a bheith páirteach sa taighde fiú má thug tuismitheoir cead. Ghlac na páistí ar fad (n=22) leis an gcuireadh. Bhí rúndacht ar siúl i gcónaí. Sna nótaí breathnóireachta , sna ceistneoirí, agus sa grúpa fócais níor úsáideadh aon ainmneacha, níor luadh ainm na scoile agus aon sonraí a bailíodh ó na páistí, bhíodar faoi rún. Ní raibh na páistí i mbaol nó faoi míbhuntáiste ag aon am i rith an taighde. Tugadh amach na ceistneoirí ag deireadh gach ceacht FCÁT. Rinneadh an grúpa fócais ag deireadh an staidéar nuair a múineadh na trí cheacht. Don ghrúpa fócais roghnaíodh 8 páiste go randamach ag úsáid cipíní líreacáin chun an próiseas roghnúcháin a dhéanamh cóir. Roghnaíodh ceathrar buachaillí agus ceathrar cailíní chun comhionannas a chinntiú.

**Céimeanna an Taighde**

Bhí trí chéim i gceist leis an taighde seo:

1. Ceapadh an phlean cheachta
2. Teagasc an cheachta
3. Machnamh ar an gceacht (seicliosta, dialann mhachnaimh, ceistneoir do na páistí, agus grúpa fócais)

Cur chuige ciorclach a bhí i gceist agus tar éis aischothú a fháil ó na páistí, ceapadh an chéad phlean ceachta eile. Mhair an tréimhse taighde ar feadh coicíse. Mhair gach ceacht 40 nóiméad, agus mhair an seisiún aischothaithe 20 nóiméad. Rinneadh na seisiúin aischothaithe díreach i ndiaidh an cheachta sa seomra ranga.

Chun an modh múinte a chur i bhfeidhm deanadh trí cheacht corpoideachas leis an rang. I bpleanáil agus múineadh na gceachtanna FCÁT úsáideadh cheithre chéim a léirigh tionscadal (Harris et. al, 2006) chun cinntiú go raibh na ceachtanna chomh héifeachtach agus ab fhéidir.

1. liosta cuspóirí an cheachta a úsaid mar sprioc, ag díriú ar chuspóirí teanga agus ábhar
2. ábhair agus fearas feiliúnach a roghnú chun an ceacht a chur chun cinn agus chun foghlaim a dhaingniú.
3. liosta de na príomh-mhíreanna foclóra agus gramadaí a bhí i gceist i rith na gceachtanna a chumadh.
4. liosta frásaí nó nathanna neamhfhoirmiúla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach le linn an cheachta a úsaid.

Do na ceachtanna, roghnaíodh an snáithe cluichí agus na snáithaonaid seoladh, glacadh agus taisteal, agus cluichí a chiallú agus a léirthuiscint. Roghnaíodh an snáithe

cluichí mar tugann an snáith go leor deiseanna an chorpoideachas agus an Ghaeilge a fhorbairt ar bhealach gníomhach agus spraíúil. Maidir le cursaí teanga bhí béim ar threoracha an mhúinteora a leanúint agus ar bhaill éagsúla an choirp a úsáid chun na cluichí a imirt. Bhí sé tábhachtach forbairt a dhéanamh ar an bhfoclóir a bhí ar eolas ag na páistí cheana féin agus mar sin roghnaíodh díriú ar chodanna den chorp mar go raibh sé ar eolas go neamhfhoirmiúil acu.

**Ceacht 1, 2 & 3 a Cheapadh**

Bhí béim ar na spriocanna corpoideachais seo a leanas sna ceachtanna:

- roinnt cleachtaí gluaiseachtaí agus síneadh a dhéanamh
- scileanna iompar agus caitheamh a fheabhsú ag úsáid málaí pónairí
- scileanna preab, caith, ciceáil, agus rollú a fheabhsú agus a fhorbairt ag úsáid liathróidí
- páirt a ghlacadh i rásaí sealaíochta ag úsáid liathróidí

Bhí béim freisin ar na spriocanna teanga seo a leanas:

- treoracha a leanúint agus a léiriú i gcluichí spreagúla
- stór focal bunaithe ar chodanna den chorp a léiriú agus a úsáid
- treoracha a thabhairt bunaithe ar shíneadh
- ceist a chur nó a fhreagairt bunaithe ar chodanna den chorp
- briathra a léiriú trí ghníomhachtaí éagsúla


Thosaigh an chéad dá cheacht le cluiche téamh suas 'Soilse Tráchta', ina raibh na páistí mar thiománaithe carr ag leanúint treoracha bunaithe ar dhathanna na soilse tráchta. Thosaigh an triú ceacht le cluiche téamh suas 'Cluiche Aithris'. I ngrúpaí de thriúr nó ceathrar, threoraigh ceannaire an ghrúpa na páistí timpeall an halla agus b'éigean do na páistí gníomhartha an cheannaire a chóipeáil. Baineadh úsáid as ceol nuachumtha agus aon uair a stopadh an ceol ghlac páiste nua ról an cheannaire. Tar éis na gcluichí téamh suas, rinneadh roinnt síneadh chun dul siar a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar an bhfoclóir. Don fhorbairt i rith na gceachtanna, le cúnamh na bpictiúrchártaí léiríodh focail de chodanna eágsula an choirp do na páistí. De réir mar a bhí na ceachtanna ag dul ar aghaidh tugadh isteach níos mó focail de chodanna an choirp chun foclóir na bpáistí a mheadú. D'imir na páistí cluiche dealbh áit ina mbíonn siad ag siúl, scipéail nó ag rith sa spás ag úsáid codanna eagsúla den chorp le treoir an mhúinteora. Rinneadh dul siar ar na briathra preab, caith, ciceáil, agus rolláil chomh maith agus cuireadh ceisteanna ar pháistí éagsúla na briathra a léiriú ag úsáid liathróid m.sh *'Caith an liathróid suas san aer'*. Tugadh liathróid do gach páiste agus treoraíodh iad gníomhartha éagsúla a dhéanamh ag úsaid na liathróidí *'Preab an liathróid agus tú ag siúl'*. Ghlac na páistí páirt i rásaí sealaíochta ag déanamh gníomhartha éagsúla leis na liathróidí. I rith na gceachtanna ar fad, cuireadh na páistí i ngrúpaí agus piocadh ceannaire i ngach ngrúpa chun áit an mhúinteora a thógail agus treoracha a thabhairt don ghrúpa gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh. Don chlabhsúr d'imir na páistí na cluichí 'Lean an Ceannaire'agus 'Deir Ó Grádaigh'. Chun forbairt ar na cluichí seo, nuair a bhí níos muinín ag na páistí, piocadh ceannaire chun áit an mhúinteora a thógáil agus na treoracha a thabhairt. Rinneadh an cinneadh an uimhir uatha a úsáid chun na páistí a threorú i rith gach ceacht, mar gurb í an fhoirm a bheadh in úsáid acu féin agus iad ag labhairt lena bpáirtí i rith obair bheirte agus obair ghrúpa. I rith am fuaraigh ag deireadh gach ceacht, cuireadh na páistí

ina seasamh i gciorcal mór agus spreagadh iad chun smaoineamh ar na scileanna a clúdaíodh sa gceacht, tré phlé a dhéanamh.


Díríodh ar na nithe seo a leanas sa seicliosta:

- oiriúnacht na ngníomhachtaí agus an t-ábhar
- scileanna iompar agus caitheamh na bpáistí
- ábaltacht na bpáistí sna gcluichí gluaiseachtaí agus iad ag síneadh
- usáid na Gaeilge go neamhfhoirmiúil i rith an cheachta
- measúnú ar a bhfoclóir ag cur béime ar an teanga a úsáid go muiníneach leis an múinteoir ranga agus a úsáid go sóisialta lena bpiaraí *"taispeain dom do ghualainn, do uillinn srl" "Cas timpeall chuig an duine in aice leat agus mol é/ í "Maith thú! Ní raibh sé sin éasca!"*

Sa chéad ceistneoir, díríodh isteach ar fhreagairt na bpáistí don chéad cheacht (Féach Aguisín D). Baineadh úsáid as na híomhánna/na gníomhaíochtaí seo a leanas:



5. D'fhoghlaim mé



Sa dara ceistneoir, díriodh ar an bhfoclóir agus an comhrá idir na páistí sa dara cheacht (Féach Aguisín E). Baineadh úsáid as na híomhánna/na gníomhaíochtaí seo a leanas:

1. **Soilse Tráchta – Scríobh an dath ceart…**





2. **Líon isteach na focail…**



Tá an íomhá thíos bunaithe ar an teanga idir na páistí. Fiafraíodh orthu an comhrá a bhí eatarthu i rith na ceachta a scríobh isteach sa bholgán cainte m.sh. *"Cuir do lámh ar do cheann. Maith thú!"*

**3. Scríobh isteach sa bholgán cainte céard a déarfaidh le do chara…**



Sa triú ceistneoir, díríodh isteach ar fhreagairt na bpáistí don cheacht bunaithe ar na briathra agus na cosulachtaí agus difríochtaí idir na málaí pónairí agus na liathróidí a ainmniú (Féach Aguisín F). Baineadh úsáid as na híomhánna/ na gníomhaíochtaí seo a leanas:

**1. Líon isteach an focal ceart…**

| Ciceáil | Caith | Rollaigh | Preab |
|---|---|---|---|




____________________



____________________



____________________



____________________

2. Liostaigh na cosúlachtaí/difríochtaí idir na málaí pónairí agus na liathróidí

| Málaí Pónairí | Liathróidí |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

Tugadh faoi deara na nithe seo a leanas de réir mar a bhí na ceachtanna dá múineadh: Bhí cúpla fadhb maidir le bainisteoireacht ranga agus bhí sé deacair aischothú ceartaitheach a thabhairt do na páistí, gan cur isteach ar an gceacht. Uaireanta bhí deacrachtaí ag cuid de na páistí treoracha a leanúint mar nár thuig siad an Ghaeilge. Agus na ceachtanna ag dul ar aghaidh déanadh iarracht na treoracha a shimpliú agus labhairt níos moille agus níos soiléire. Bhí gá le dul siar ar an bhfoclóir nua bunaithe ar chodanna an choirp agus na páistí a spreagadh chun níos mó Gaeilge a úsaid i rith na gceachtanna. Tugadh faoi deara freisin go raibh scileanna iompar agus caitheamh na bpáistí ag feabhsú go mór tar éis gach ceacht. Thaitin an obair ghrúpa go mór leis na páistí agus d'oibrigh ról an cheannaire go maith chun áit an mhúinteora a thógáil agus na páistí a chur ag caint as Gaeilge.

**Machnamh ar na Ceachtanna a Theagasc**

Chun machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna, bhreathnaigh an taighdeoir ar dtús ar an seicliosta le feiceáil ar baineadh na cuspóirí amach. D'éirigh go maith leis na ceachtanna ar an iomlán.

D'éirigh leis na páistí sna réimsí seo a leanas: Taitneamh a bhaint as na cluichí agus gníomhachtaí, forbairt a dhéanamh ar na scileanna iompar agus caitheamh, na pictiúrchártaí a úsáid i rith an cheachta agus codanna den chorp a léiriú, chomh maith le níos mó Gaeilge a úsáid agus comhrá a dhéanamh i rith an cheachta. D'éirigh le formhór na bpáistí an stór focal

bunaithe ar chodanna den chorp a úsáid. Tháinig feabhas chomh maith ar ábaltacht na bpáistí treoracha an mhúinteora a leanúint. Bhí deacrachtaí ag formhór na bpáistí maidir le treoracha an mhúinteora a leanacht ag stáideanna, na spreagcheisteanna a fhreagairt, agus Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir agus eatarthu féin. Déanadh iarracht mhór iachall a chur ar na páistí moladh a thabhairt dá chéile in rith an cheachta chun an Ghaeilge a úsáid go sóisialta lena bpiaraí, ach bhí deachractaí ag formhór na bpáistí leis. Bhí deacrachtaí ag roinnt páistí leis na briathra ach d'oibrigh an postaér go han-mhaith mar go raibh sé feicealach sa halla agus bhí na páistí in ann tagairt a dhéanamh don fhocal scríofa agus an pictiuir ar an bpóstaer chun an briathar ceart a leiriú. I rith na rásaí sealachtaí, chomhoibrigh na páistí go maith lena chéile. D'oibrigh an 'Cluiche Aithris' go maith mar chluiche téamh suas agus na páistí a spreagadh chun caint agus cumarsáid a dhéanamh. D'oibrigh an ceol gaelach nuachumtha go maith agus bhain na páistí an-taitneamh as. Don chlabhsúr thug an cluiche 'Deir Ó Grádaigh' deiseanna iontach measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus d'oibrigh ceistiú na bpáistí go maith chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoclóir agus teanga nua.

Tháinig na nithe seo a leanas chun solais ó na ceistneoirí: Thaitin na ceachtanna go mór leis na páistí, cheap formhór na bpáistí go raibh na ceachtanna éasca agus thuig siad an tábhacht a bhaineann le síneadh. D'éirigh go maith le formhór acu an foclóir nua a scríobh ach bhí deacrachtaí ag tromlach na bpáistí leis na ceisteanna a bhí bunaithe ar an teanga idir na páistí i rith an cheachta. D'fhág formhór na bpáistí na ceisteanna seo bán. Bhí na briathra ar eolas ag formhór na bpáistí sa rang. Chabhraigh na pictiúrchártaí agus an postaer go mór i rith na gceachtanna chun na focail scríofa a dhaingniú. Liostaigh roinnt mhaith sa rang go raibh cruth ciorclach ag an liathróid agus cruth cearnógach ag an mála pónaire. Rinneadh tagairt freisin do mhéid agus méachán (comhthathú soiléir leis an mata agus eolaíocht).

**Machnamh ar na Ceachtanna Uile**

Tar éis don taighdeoir anailísiú a dhéanamh ar na seicliostaí, na ceistneoirí, cuireadh sceideal le chéile do ghrúpa fócais le díriú ar na nithe seo a leanas: Freagairt na bpáistí i leith na gceactanna FCÁT a bhí á lorg ag an taighdeoir, mar aon lena ndearchthaí maidir leis na réimsí seo a leanas: oiriúnacht agus léibhéal na tascanna agus gníomhaíochtaí, éifeachtúlacht na gceachtanna, an méid foclór agus frásaí, chomh maith le scileanna corpoideachais, a d'fhoghlaim siad dar leo, agus moltaí na bpáistí chun na ceachtanna a dhéanamh níos fearr nó níos taitneamhaí. Ag deireadh na dtrí cheacht, bhí deis ag grúpa fócais d'ochtar aischothú a thabhairt ar réimse ceisteanna bunaithe ar na ceachtanna (Féach Aguisín G).

Ag am a bhí réamhshocraithe leis an múinteoir ranga, tógadh na páistí amach as an seomra ranga chun an grúpa fócais a chur ar siúl i seomra a bhí saor sa scoil. Bhí múinteoir tacaíochta foghlama i láthair chomh maith agus mhair an séisiún aischothú timpeall fiche noiméad.  Chun go mbeadh na páistí in ann iad féin a chur in iúl go soiléir agus aichothú níos doimhne a fháil, bhí rogha acu an Béarla nó an Ghaeilge a úsáid i rith an grúpa fócais. Roghnaigh na páistí go léir an Bhéarla a úsáid. Níor cuireadh páistí faoi agallaimh i go leor staidéir eile chun a dearcthaí i leith FCÁT a fháil. Féachfadh ar torthaí na staidéir sin maidir le dul chun cinn sa teanga amháin gan díriú ar taithí foghlama na bpáistí. Sa tionscadal seo rinne an taighdeoir iarracht cothromaíocht a chinntiú sa cur chuige idir an teanga agus an t-ábhar agus dearcthaí na bpáistí a fháil ar fhoghlaim corpoideachas trí mhéan na Gaeilge.

Bhí buntáistí suntasacha ag an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh sa tionscnamh seo chun a ceist a fhiosrú. Bhí an cur chuige ciorclach a úsáideadh léanúnach agus foráscach agus bhí buntáistí aige seo do cheapadh incriminteach na gceachtanna. D'oibrigh an cur chuige modheolaíochta agus na huirlisí taighde a roghnaíodh go maith chun na torthaí taighde a bhailiú. Chabhraigh siad chun díriú ar na nithe tábhactach i rith na ceachtanna, machnamh a

dhéanamh ar na nithe a tháinig chun solais, aischothú agus mothú na bpáistí a fháil ar na ceachtanna agus an tionscadal ar fad a stiúradh sa dtreo ceart.

**Teorainneacha an Taighde**

Bhí an tréimhse ama a bhí i gceist leis an tionscadal seo ró ghearr chun FCÁT a chur i bhfeidhm i gceart. Ní raibh an tréimhse ama ag teacht leis an tréimhse ama a bhí i gceist i bhformhór na staidéir eile a mhair i bhfad níos faide. Ní raibh éifeachtacht iomlán an tionscnamh le feicéail mar gheall ar ghanntanas sa taighde. Bhí brú ama soiléir le feicéail leis na ceistneoirí agus an grúpa fócais chun dearcthaí iomlán na páistí a fháil ar FCÁT. Mhair na séisiún aischothaithe 20 nóiméad ach tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas, ní raibh an t-am sin sach fada. Leis an grúpa fócais, áfach, ní raibh seans an t-aischothú a fháil ó na páistí go dtí an lá dar gcionn. Mhothaigh an taighdeoir gur chuir sé seo isteach ar an mbailiúchán taighde ós rud é go raibh dearmad déanta ag roinnt páistí ar an méid a bhí clúdaithe an lá roimhe. I rith an tionscnaimh thug an taighdeoir faoi deara an brú breise a bhaineann le haischothú a fháil ar cheacht Gaeilge, go háirithe mura bhfuil léibhéal ró-ard ag na páistí sa teanga. Tá aischothú na bpáistí fíorthábhachtach má tá an rialtas ag iarraidh clár FCÁT a leathnú amach.

## 4. Anailís ar Shonraí

Chun anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, baineadh úsáid as anailís théamach chun an tacar sonraí a eagrú agus a thuairisciú go mion saibhir. Sainmhíníonn Braun agus Clarke (2006) anailís théamach mar: "a method for identifying, analyzing and reporting patterns within data" (lch.79). Breathnaíodh ar cur chuige Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú, & Ní Chróinín (2017) chun téamaí coitianta suntasacha a lorg ón eolas a bailíodh. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na taras-scríbhinní ón dialann machnamhach, na ceistneoirí, aischothú an grúpa fócais, chomh maith le breathnóireacht an taighdeora, ba léir go raibh 4 mhórthéama ann. Tá cuid de na téamaí ag teacht leis na torthaí sna staidéir a luadh san aithbhreithniú litríochta.

Déanann an cur i láthair seo a leanas cur síos ar na príomhthoisí a ghabh le heispéiris na bpáistí agus an taighdeora le linn an tionscnaimh FCÁT seo:

1. muinín agus inniúlacht sa Ghaeilge
2. tionchar FCÁT ar fhoghlaim agus ar dhearcaí
3. fócas eisiach ar stór focal
4. pleanáil na gceachtanna FCÁT - dúshlán cothromaíochta

Déantar iniúchadh níos doimhne ar na téamaí seo anois chun tuiscint níos fearr a fháil ar thorthaí an taighde.

### Muinín agus Inniúlacht sa Ghaeilge

Thug an tionscnamh FCÁT seo taithí difriúl do pháistí sa Ghaeilge agus an teanga a úsáid i gcomhthéacs a bhí barántúil agus fiúntach. Chuir sé coinníollacha ar fáil d'fhoghlaim teanga nádúrtha agus d'úsáid fiúntach na Gaeilge i gcomhthéacs spreagúil taitneamhach. Trí bhreathnóireacht agus comhrá leis na páistí chothaigh na ceachtanna féinmhuinín agus

inniúlacht in úsáid na teanga. De réir mar a bhí an tionscadal ag gluaiseacht ar aghaidh, d'éirigh na páistí níos muiníne sa chaint. Bhí tionchar an-dearfach ag an muinín nua seo ar a dtoilteanas seans a thógáil agus triail a bhaint as an teanga a úsáid fiú mura raibh sé cruinn. Chuir úsáid an teanga seo bunús ar fáil don mhúinteoir, feabhas a chur ar chruinneas agus leibhéil inniúlachta na bpáistí. Léirigh an dialann machnaimh na difríochtaí a bhí le feicéail idir an easpa inniúlachta agus muiníne na bpáistí sa chéad cheacht i gcomparáid leis an triú ceacht. Ag a dheireadh tháinig feabhas mhór ar a gcumas ábhar ábhartha, úsáid stór focal agus teanga shóisialta. Ní raibh an teanga ag na bpáistí ag tosú amach

> *Uaireanta bhí deacrachtaí ag cuid de na páistí mo threor a leanúint mar nár thuig siad an Ghaeilge m.sh "coinnigh an mála pónaire cothrom agus léim ar an spota".. Bhí na páistí an-chúthaileach agus bhí fíorbhéagán cainte idir na bpáistí.*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

De réir a chéile d'éirigh siad níos muiníne agus tháinig feabhas ar an teanga ghlactha agus an teanga a úsáid i gcomhthéacs.

> *Bhí na páistí níos muiníní sa gceacht inniu.. Bhí feabhas le feicéail sa gcomhrá idir na páistí agus rinne siad iarracht níos fearr na spreagcheisteanna a fhreagairt.*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 3]

De réir a chéile bhí níos mó Gaeilge á lábhairt ag na páistí i rith na gceachtanna agus baineadh amach na spriocanna teanga ón seicliosta, go mormhór an sprioc treorach a thabhairt. Diaidh ar ndiaidh d'úsáid na páistí glór níos láidre sa chaint, a léirigh muinín agus compord sa rud a bhí siad ag rá.

*Sín amach do chosa agus do lámha, Bhí sé sin an-éasca, Maith thú! Ní raibh sé sin éasca!*

[Samplaí beacht ó na páistí, Ceacht 2]

Bhí an fhoghlaim bheirte fiúntach go háirithe maidir le teanga neamhfhoirmiúil soiléir sna ceachtanna freisin. Chun é seo a spreagadh agus a fhorbairt cuireadh na páistí ag obair agus ag imirt i ngrúpaí chun iad a chur ag caint agus níos mó muinín a thabhairt dóibh.

*D'oibrigh an obair ghrupaí go maith chun páistí a chur ag caint agus iad a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 2]

Bhí fiúntas mór le feicéail chomh maith aon uair go raibh seans ag na páistí ról an mhúinteora a thógáil. Seo rud nach raibh mórán cleactadh ag na páistí air roimhe seo agus d'oibrigh sé go han-mhaith chun na páistí a mhealladh chun an Ghaeilge a úsáid. De réir a chéile d'ardaigh sé seo feinmhuinín na bpáistí mar go raibh siad ag fáil níos compordaí treoracha a thabhairt dá chéile agus an Ghaeilge a úsáid os comhair an ranga.

*D'oibrigh an cluiche 'Lean an Ceannaire' i bhfad níos fearr sa gceacht inniu. Is bealach iontach é chun féinéifeachtúlacht na bpáistí a spreagadh.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 2]

Léirigh roinnt staidéir go raibh ardchaighdéan Gaeilge ag teastáil ón múinteoir chun FCÁT a chur ar bun. Aontaíom gur chabhraigh mo chumas féin sa nGaeilge go mór leis na ceachtanna FCÁT ach ní dóigh liom go bhfuil sé go hiomlán riachtanach go mbeadh ardchaighdéan ag teastáil ag an múinteoir. Braitheann sé ar léibhéal Gaeilge an rang agus ar an bpleanáil a dhéantar roimh roimh chun na torthaí is fearr a bhaint amach.

**Tionchar ar Fhoghlaim agus ar Dhearcaí**

Go ginearálta, bhí dearcadh dearfach ag na páistí ar chorpoideachas, mar a léiríonn an sliocht ón ngrúpa fócais thíos:

*"I love PE. We get to leave the class and play fun games and run around outside or in the hall" (R7)*

[Freagraí on nGrúpa Focais]

Ní raibh tionchar ag an tionscnamh ar dhearcadh dearfach na mac léinn i leith corpoideachais, toisc nár athraigh na peirspictíochtaí a bhí acu sular fhoghlaim siad corpoideachas trí Ghaeilge. Bhí dearcadh dearfach ag céatadán ard den rang i leith na gceachtanna. Nuair a fiafraíodh díobh le linn an ghrúpa focais ar thaitin na ceachtanna corpoideachas leo trí Ghaeilge, d'fhreagair na páistí ar fad sa ghrúpa gur thaitin.

*"I liked the lessons" (R3), "It was fun" (R8)*

[Freagraí on nGrúpa Focais]

Chabhraigh an dialann machnaimh, na ceistneoirí iar-cheachta agus an grúpa fócais go mór chun tionchar ar fhoghlaim agus ar dhearcaí na bpáistí agus an taighdeoir a mheasúnú. Léirigh siad go raibh dearcadh dearfach ag an taighdeoir agus ag na páistí ar theagasc agus ar fhoghlaim corpoideachais trí Ghaeilge.

*Thaitin an ceacht go mór leis na páistí. Bhí siad gníomhach agus bhain siad an-sult as na cluichí ar fad. Bhain mé féin sult as an gceacht a mhúineadh agus sílim gur chabhraigh sé sin le torthaí an cheachta.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

*Bhí spraoi agam Is breá liom é*

[Ceistneoir 1, Ceist 1]

*D'fhoghlaim mé na síneadh as Gaeilge Dathanna na soilse tráchta - dearg, glas agus óráiste*

[Ceistneoir 1, Ceist 5]

Ag machnamh air anois, bhí tionchar ag léibhéal Gaeilge na bpáistí ar chuspóirí na gceachtanna. Dá bhrí sin, múineadh ábhar corpoideachais nach raibh chomh éilitheach ó thaobh na cognaíochta de mar gheall ar easpa scileanna glactha agus táirgiúla na bpáistí sa nGaeilge. D'aithin an taighdeoir go raibh éileamh scileanna i roinnt de na cluichí sna ceachtanna ró-éasca do na páistí, ach go raibh an t-éileamh teanga sna cluichí oiriúnach.

*Bhí roinnt de na gníomhaíochtaí róshimplí do na páistí*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

**Fócas Eisiach ar Stór Focal agus Modheolaíochtaí Cuí**

Tar éis an chéad cheacht a mhúineadh bhí sé soiléar cén léibhéal a bhí ag na páistí sa nGaeilge. Bhí a stór focal an-teoranta agus bhí gá diriú isteach ar an easpa foclóra seo chun cur le rath na gceachtanna FCÁT. Bhí gá le stór focal a mhúineadh chun go mbeadh na páistí in ann an t-ábhar a léirmhíniú.

*Stór focal na bpáistí an-bheag. Níos mó dul siar agus athrá ag teastáil.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

Ina ainneoin sin, baineadh úsáid as stór focal ábhar-sonrach mar fheithicil chun an t-ábhar a theagasc gan aon fhócas ar leith ar fhoirmiú focal nó ar mhoirfeolaíocht. Chun an stór focal a bhí ag teastáil uaidh na páistí a dhaingniú, baineadh úsáid as modhanna éasgúla teagaisc i rith na gceachtanna mar a léiríodh i dtaighde Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú, & Ní Chróinín (2017). “An ability to identify relevant language objectives related to content and proficiency levels is critical in order to balance content and language integration in CLIL” (Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú, & Ní Chróinín, 2017, lch.73).

Chun stór focal a mhúineadh go héifeachtach do pháistí caithfidh tú rudaí a fheiceáil óna bpeirspictíocht féin agus an teagasc ar an bhfoclóir a dhéanamh taitneamhach agus tarraingteach. I mo thaithí is féidir le páistí stór focal a fhoghlaim tríd na focail a chloisteáil agus a fheiceáil arís agus arís eile i gcomhthéacsanna éagsúla. Bhí sé tairbheach taispeántais amhairc agus samhaltú gníomhaíochtaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i dtusicint an teanga, rud a chuidíonn go mór le teagasc corpoideachais chomh maith. Leis seo baineadh úsáid as fíorabhair, pictiúrchártaí agus postaer chun an teanga agus an foclóir a shealbhú.

*D'oibrigh na pictiuirchártaí go maith chun an foclóir a dhaingniú'. 'Thug mé faoi deara go raibh na páistí ag deanamh tagairt do na pictiúrchártaí i rith an cheachta chun seicéail ar an bhfoclóir.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

Mhol Mehisto (2008) gur b'fhiú cairteacha agus samhail a úsáid in aon ábhar atá a mhúineadh tríd an dara teanga. Tá modheolaíocht faoi leith ag teastáil don FCÁT agus ní aistriúchán ar an gceacht Béarla atá ann, Caithfear béim a chur ar an ábhar atá a mhúineadh, seachas ar chúrsaí gramadaí nó cruinneas na Gaeilge.

Bhí gá níos mó athrá agus aithris a úsáid leis na páistí a bhí níos laige.

*Níos mó aithris athrá agus aithris ag teastáil chun an foclóir a threisiú.*

[Dialann Machnaimh, Ceacht 2]

Cuireadh iachall ar na páistí cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir agus iad ag comhrá lena chéile agus leis an múinteoir. I ngach ceacht rinneadh measúnú ar an stór focal trí ceisteanna a chur ar na páistí.

*"taispeain dom do ghualainn, d'uillinn srl" "Cas timpeall chuig an duine in aice leat agus mol é/ í "Maith thú! Ní raibh sé sin éasca!"*

[Plean Ceachta 1]

Rinneadh na seisiúin aischothaithe díreach i ndiaidh an cheachta sa seomra ranga agus d'oibrigh sé seo go maith mar gheall go raibh an tábhar úr in n-intinn na bpáistí. Léirigh na ceistneoirí an foclóir a bhí foghlamtha ag na páistí tar éis na gceachtanna. Anseo bhí ar na páistí na focail bunaithe ar na soilse tráchta cearta agus codanna den chorp a scíobh síos.

Fuair formhór na bpáistí foclóir na soilse tráchta, b'fhéidir mar gheall go raibh an foclóir acu cheana féin. Bhí deacrachtaí ag na páistí áfach, codanna den chorp a ainmniú as Gaeilge. Bhí sé soiléar nach raibh an foclóir scríofa ar eolas ag na páistí cé go raibh sé ar eolas acu ó bhéal i rith an cheachta agus sa ghrúpa focais.

**Pleanáil na gCeachtanna FCÁT**

Sa tionscadal seo, dúshlán a bhí ann na ceachtanna FCÁT agus na ceistneoirí a dhearadh, go háirithe i dtaobh an Ghaeilge. Theastaigh ábhar dé-fhócasaithe, brí, barántúil agus tarraingteach chun na páistí a spreagadh agus na torthaí is fearr a fháil ón staidéar. Bhí sé deacair pleanáil d'fhorbairt teanga mar go raibh sé deacair an teanga go léir a bhí ag teastáil uaidh na páistí a thuar roimh ré. Mar a luaitear i gcaibidil 2, i dtaighde Harris et al. (2006), agus i staidéar Ní Dhiorbháin agus Ní Bhaoill (2018), bhí meitheal múinteoirí ag cur na n-áiseanna le chéile do na ceachtanna FCÁT. Léiríonn sé sin na deacrachtaí atá ag an taighdeoir aonair atá ag obair as féin sa tionscnamh seo.

D'oibrigh an cur chuige ciorclach go maith maidir leis an bpleanáil, rud nach raibh úsaideadh i staidéir eile. Tugann ceacht FCÁT deis don mhúinteoir a bheith cruthaitheach agus modheolaíocht nua a úsáid. Thug breathnóireacht agus aischothú na bpáistí tar éis gach ceacht an t-eolas don taighdeoir chun an chéad ceacht eile a cheapadh. Nuair a d'éirigh go maith le gné den cheacht bhí an taighdeoir in ann forbairt a dhéanamh ar seo sa gcéad cheacht eile.

> *D'oibrigh an cluiche cluiche téamh suas 'Cluiche Soilse Tráchta'. Déanfaidh mé forbairt ar an gcluiche seo sa gcéad cheacht eile.*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

Ar an lámh eile, nuair nár éirigh le gnéithe éagsúla bhí an taighdeoir in ann diriú isteach ar seo nó dul siar a dhéanamh.

> *Caithfear dul siar a dhéanamh ar bhfoclóir sa gcéad cheacht eile, ná tabhair amach aon fíorearra go dtí go bhfuil na treoracha mínithe go hiomlán ó thus an ghníomhaíocht go dtí an deireadh*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 1]

Bhí dúshlán cothromaíochta i gceist leis na gceachtanna. Níor baineadh amach cothromaíocht idir foghlaim corpoideachais agus foghlaim na Gaeilge i gcónaí le linn na gceachtanna, mar go raibh níos mó béim dírithe ar fhorbairt teanga ná ar fhoghlaim corpoideachais. Sa chéad cheacht bhí an iomarca béim ar an nGaeilge agus ní raibh cothromaíocht ann leis an corpoideachas.

> *Bhí na páistí sa gciorcal ró-fhada agus muid ag dul siar ar an bhfoclóir. Bhí siad ag éirí suaiteach mar nach raibh siad gníomhach sa halla*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 2]

Léirigh formhór na bpáistí gurbh í an Ghaeilge an príomhfhoghlaim le linn an tionscnaimh.

> *"I like the lessons because they were fun and were learned more Irish" (R1), "I learned to play games in Irish" (R3), "I learned new Irish words for the body" (R4), "I didn't understand some things because they were in Irish" (R6)*
>
> [Freagraí on nGrúpa Focais]

Bhí deacrachtaí ann teacht aníos leis na cuspóirí foghlama agus ábhair don chorpoideachais agus don Ghaeilge. Bhí cumas na cuspóirí teanga a bhaineann le hábhar agus

leibhéil inniúlacht a aithint ríthábhachtach chun cothromaíocht a chinntiú idir ábhar agus comhtháthú teanga i FCÁT. Bhí deacrachtaí ann an teanga a fhorbairt agus tascanna éifeachtacha ábhar-tiomáinte a d'éascaigh aschur teanga na bpáistí.

Ar an iomlán, comhlíonadh na cuspóirí foghlama agus ábhair don chorpoideachais agus don Ghaeilge leis na ceachtanna FCÁT, mar go raibh na ceachtanna ceapaithe go maith. Dhírigh na cluichí ar ghníomhaíochtaí comhoibríocha, rud a thacaigh le torthaí sóisialta laistigh den ghrúpa agus a spreag sin na páistí an Ghaeilge a úsáid chun rannpháirtíocht a dhéanamh le linn na gceachtanna.

> *Tá feabhas ag teacht ar an nGailge neamhfhoirmiúl i rith na gceachtanna. D'eirigh go maith leis an gceacht ar an iomlán.*
>
> [Dialann Machnaimh, Ceacht 3]

Bhí fadhbanna idirdhéalú le feicéail leis na ceachtanna chomh maith. Bhí sé deacair dúshlán nó gníomhaíocht níos casta a thabhairt do na himreoirí a bhí níos ábalta sa chorpoideachas mar go raibh teanga níos sofaisticiúla agus níos dúshlánaí ag teastáil.

Tar éis léirmheas a dhéanamh ar torthaí na gceistneoirí, bhí sé soiléir go raibh na ceistneoirí ró-dheacair do leath an rang. Ní raibh na ceistneoirí difreáilte don réimse leathan cumas a bhí sa rang. Bhí an réimse leathan seo feicealach sna freagraí ón ngrúpa fócais chomh maith.

> *"The lessons were easy because it was fun and I knew what to do and the teacher helped" (R2), "I wouldn't say the lessons were hard or easy, more in between" (R1), "hard because I didn't know the Irish" (R7)*
>
> [Freagraí on nGrúpa Focais]

Ag machnamh ar na ceachtanna, múineadh ábhar corpoideachais nach raibh chomh dúshlánach mar thoradh ar an easpa scileanna glactha agus táirgiúla a bhí ag na páistí sa nGaeilge. Tugann sé seo le tuiscint go raibh tionchar ag easpa inniúlachta na bpáistí ar mhéid agus ar chastacht an ábhair a múineadh. Bhí tionchar aige seo ar léibhéal an chorpoideachais a baineadh amach. Léirigh staidéir eile éifeachtaí neamhfhabhracha ar fhoghlaim ábhair (Washburn, 1997; Sylvén, 2004). Tá buairt ann ag taighdeoirí maidir le róshimpliú an ábhair sa cheacht FCÁT. Bhí dúshlán ann sa bpleanáil an léibhéal ábaltacht ceart a fháil sna ceachtanna. Mar a léiríonn Costa agus D'Angelo (2011, lch.9), "if the simplification leads to the trivialization of the content and does not favor the proper cognitive growth of the students" níl FCÁT a chur i bhfeidhm i gceart.

## 5. Conclúid agus Moltaí a Eascraíonn ón Taighde

'Cén dearcadh a bhí ag páistí i rang a trí i scoil T2 atá suite i suíomh uirbeach ar mhúineadh agus ar fhoghlaim chorpoideachas trí Ghaeilge?'

**Athmhacnamh**

Bhí eispéiris fhoriomlána an tionscnaimh FCÁT seo, mar a thuairiscigh na rannpháirtithe, dearfach. Bhain na páistí agus an taighdeoir an-taitneamh as an gcur i bhfeidhm FCÁT. Thuairiscigh an taighdeoir go raibh na páistí an-spreagtha agus gur léirigh siad muinín mhéadaithe, sástacht agus inniúlacht sa Ghaeilge. Thug an taighdeoir faoi deara freisin eispéiris dearfacha foghlama teanga. Tugann na torthaí taighde fianaise ar an bhféidearthacht go mbeadh tionscnamh FCÁT i mbunscoileanna na hÉireann in ann tacú le foghlaim na Gaeilge, cosúil leis na torthaí a eascraíonn ó thaighde idirnáisiúnta ar FCÁT (Dalton-Puffer, 2007, 2008, 2009; Mehisto, 2008; Wolff, 2002; Ruiz de Zarobe, 2011; Navés & Victori, 2010; Pérez-Cañado 2012; Zydatiss 2007)

Ní raibh aon tionchar ag an tionscnamh seo ar dhearcthaí dearfacha na bpáistí i leith corpoideachais. Mhair na dearcthaí dearfacha sa chorpoideachas fiú nuair a athraíodh teanga an cheachta.

Mar thionscnamh nua i gcomhthéacs na hÉireann, níl aon chlár le leanúint chun tú a threorú agus tú ag ceapadh ceachtanna FCÁT. Ag machnamh ar seo, bhí léibhéal agus compord an taighdeora i leith na Gaeilge fíor thábhachtach chun na ceachtanna a dhearadh agus a mhúineadh go héifeachtach. Mar a thagraíonn taighde Sylvén (2013) tá sé ríthábhachtach go bhfuil ard-chaighdéan ag múinteoirí atá ag cur chun cinn teanga agus go

gcuirtear oiliúint réamhsheirbhíse ar fáil. Ag machnamh bhí dearcadh an mhúinteora i leith na Gaeilge lárnach chun na spriocanna foghlamtha a bhaint amach.

Mar a léirigh staidéir eile ar FCÁT, bhí castacht agus dúshlán oideolaíoch maidir le hábhar agus teanga a chothromú suntasach sa tionscnamh seo (Dalton-Puffer, 2007; Mehisto, 2008). Níor baineadh amach cothromaíocht idir foghlaim corpoideachais agus foghlaim na Gaeilge i gcónaí. Bhí deacrachtaí ann an tasc teanga a chomhtháthú le teagasc ábhair chun foghlaim na Gaeilge a uasmhéadú, agus ag an am céanna ardleibhéal a choinneáil sa leibhéil ghnóthachtála acadúla. Bhí deachractaí suntasacha sa phleanáil chun tascanna éifeachtacha ábhar-tiomáinte agus dírithe ar theanga a cheapadh.

Ag deireadh an tionscnamh tá ceisteanna suntasacha fós ann maidir leis an bhféidearthacht atá ag FCÁT in Éirinn. Tá níos mó taighde ag teastáil chun aithint conas is féidir le múinteoirí foghlaim teanga agus ábhar a chothromú i ngníomhaíochtaí a éilíonn foclóir níos sofaisticiúla. I gcomhthéacs na hÉireann, tá géarghá le breis taighde chun treoir agus spreagadh níos cuimsithí agus níos córasaí i leith FCÁT a sholáthar.

**Moltaí**

Toisc go bhfuil beartas náisiúnta ar siúl maidir le FCÁT a leathnú amach, b’fhiú díriú ar roinnt de na moltaí seo a leanas a tháinig chun cinn sa taighde seo:

Is gá an cur chuige FCÁT a chur i bhfeidhm thar thréimhse ama chun a éifeacht a mheas i gceart. Dá mbeadh an tionscamh á rachtaíl arís theastódh níos mó ama chun cur chun cinn cinnte a bhaint amach. Bhí sé deacair fíor dhearcadh na bpáistí a fháil thar tréimhse coicíse mar nach raibh ach trí cheacht FCÁT clúdaithe. Thabharfadh staidéar níos faide agus níos leanúnaí torthaí taighde níos fearr ar dhearcadh agus éifeachtacht na dtionscnamh.

Shamhlóinn torthaí níos fearr dá mbeadh na ceachtanna a mhúineadh ag an múinteoir ranga thar tréimhse níos faide.

Tá pleanáil strúcturtha céimnithe ag teastáil chun éifeacht FCÁT a bhaint amach. Ba chóir na cuspóirí teanga agus ábhar a lua go sonrach sa bpleanáil. Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh múinteoirí an-chinnte faoi céard go díreach atá mar aidhm acu i rith gach ceacht FCÁT. Teastaíonn treoir agus tacaíocht bhreise do mhúinteoirí chun oideolaíocht chomhleanúnach teagaisc FCÁT a cheapadh. Chun beartas éifeachtach FCÁT a chur i bhfeidhm in Éirinn tá sé riachtanach deiseanna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a sholáthar do mhúinteoirí chun go nglacfaidh siad freagracht as freisin (Harris et al., 2006). Thabharfadh forbairt ghairmiúil den chineál seo acmhainn do mhúinteoirí poitéinseal FCÁT a iniúchadh agus a dhícheistiú níos faide. Tá breis tacaíochtaí, acmhainní agus treoir maidir le comhtháthú an tábhar leis an teanga ag teastáil chomh maith, chun cothromaíocht a chinntiú.

Is fiú go mór úsaid a bhaint as corpoideachas chun Gaeilge a chur chun cinn i mbunscoil T2. Tá an t-ábhar gníomhach agus bríomhar do pháistí agus tugann sé deiseanna iontacha dóibh a bheith féin-mhuiníneach an Ghaeilge a úsáid. Mholfainn do mhúinteoirí eile FCÁT a úsáid ina gcuid ranganna. Bheinn breá sásta mo chuid tuairimí agus taithí ar FCÁT a roinnt. Go h-idéalach dá mbeadh polasaí scoile ann shamhlóinn go gcuireadh an modh teagaisc seo go mór le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil.

Mar a deir an seanfhocal ‘is de réir a chéile a thógtar na caisléain’. Mar a léirigh Harris & Ó Duibhir “cuireann fianaise in iúl go mbíonn foghlaim teangacha níos éifeachtaí nuair a thugtar fúithi i gcomhar le foghlaim ábharbhunaithe in ábhar eile seachas an teanga a bhíonn á foghlaim. Tá fianaise ann go bhfeasaíonn FCÁT oilteacht teanga daltaí, gan cur isteach ar fhorbairt chéad teanga na ndaltaí, nó ar an bhfoghlaim san ábhar atá á mhúineadh” (Harris & Ó Duibhir, 2011, lch.15).

## Tagairtí


An Chigireacht. (2007). *An Ghaeilge sa Bhunscoil: Staidéir Mheastóireachta na Cigireachta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Chigireacht. (2013). *Tuarascáil an Phríomhchigire: 2010-2012*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Chigireacht. (2018). *Tuarascáil an Phríomhchigire: Eanáir 2013 - Iúil 2016*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile: Primary Language Curriculum.* Baile Átha Cliath, CNCM.

Polasaí um Churaclam agus Measúnacht. (2019). *An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030* [PDF]. An Roinn Oideachais agus Scileanna. Retrieved from https://www.education.ie/ga/An-C%C3%B3ras-Oideachais/An-Strait%C3%A9is-20-Bliain-don-Ghaeilge-2010-2030/fcat.pdf

Braun, Virginia and Clarke, Victoria. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology, 3*, 2, 77–101. DOI: https://doi.org/10.1191/1478088706qp063oa

Bunreacht na hÉireann, (1937). Airteagal 8. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair,

Cain, Tim and Milovic, Sanja. (2010). Action research as a tool of professional development of advisers and teachers in Croatia. *European Journal of Teacher Education, 33*, 1, 19-30.

Costa, Francesca and D'Angelo, Lauretta. (2011). CLIL: A Suit for All Seasons. *Latin American Journal of Content & Language Integrated Learning*, *4*, 1, 1-13.

Coyle, Do, Hood, Philip agus Marsh, David. (2010). *Content and Language Integrated Learning*. Cambridge, United Kingdom: Cambridge University Press.

Dalton-Puffer, Christiane and Nikula, Tarja. (2006). Pragmatics of content-based instruction: Teacher and student directives in Finnish and Austrian classrooms. *Applied Linguistics*, *27*, 241-267.

Dalton-Puffer, Christiane and Smit, Ute. (2013). Content and Language Integrated Learning: A research agenda. *Language Teaching*, *46*, 4, 545-559.

Dalton-Puffer, Christiane. (2007). *Empirical perspectives on CLIL classroom discourse*. Frankfurt am Main: Lang.

Dalton-Puffer, Christiane. (2008). Outcomes and processes in content and language integrated learning (CLIL): Current research from Europe. In: Werner Delanoy and Laurenz Volkmann, (eds.) 2008. *Future Perspectives for English Language Teaching* (pp.139-157). Heidelberg: Carl Winter.

Dalton-Puffer, Christiane. (2009). Communicative competence and the CLIL lesson. In Ruiz de Zarobe and R.M. Jiménez Catalán, (eds.) *Content and language integrated learning. Evidence from research in Europe* (pp.197-214).

Dillon, Anna M. (2009). The CLIL Approach in Irish Primary Schools; A Multilingual Perspective. In Marsh, P. Mehisto, D. Wolff, R. Aliaga, T. Asikainen, M.J. Frigols-Martin, S. Hughes and G. Langé (eds.), *CLIL Practice: Perspectives from the Field* (pp.14-20). Jyväskylä: University of Jyväskylä.

Economic and Social Research Institute and Trinity College Dublin. (2011). Growing Up in Ireland: Qualitative Key Findings [PDF]. Retrieved from https://www.growingup.ie/pubs/OPEA116.pdf

Eurydice Report. (2006). *Content and Language Integrated Learning (CLIL) at school in Europe*. Retrieved from European Commission: http://www.eurydice.org/index.shtml;%20Aug2006Feury

Falk, Maria Lim. (2015). English and Swedish in CLIL student texts. *Language Learning Journal, 43*, 3, 304-318.

Fisher, Douglas and Frey, Nancy. (2008). *Better learning through structured teaching: A framework for the gradual release of responsibility*. Alexandria, Va: Association for Supervision and Curriculum Development.

Harris, John and Ó Duibhir, Pádraig. (2011). *Effective Language Teaching: A Synthesis of Research.* Retrieved from NCCA: https://ncca.ie/media/2060/effective_language_teaching_a_synthesis_of_research.pdf

Harris, John, Forde, Patrick, Archer, Peter, Nic Fhearaile, Siobhán, agus O'Gorman, Mary. (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Harris, John, Murtagh, Lelia, and Linguistics Institute of Ireland. (1999). *Teaching and learning Irish in primary school: A review of research and development*. Dublin: Linguistics Institute of Ireland.

Hornberger, Nancy H. (2003). *Continua of biliteracy: An ecological framework for educational policy, research, and practice in multilingual settings*. Clevedon, England: Multilingual Matters.

Marsh, David, and Europäische Kommission. (2002). *CLIL/EMILE: The European dimension; actions, trends and foresight potential*. Jyväskylä: University of Jyväskyla.

Mehisto, Peeter. (2008). CLIL counterweights: Recognising and decreasing disjuncture in CLIL. *International CLIL Research Journal, 1*, 93–119.

National Council for Curriculum and Assessment (NCCA). (1999). *Primary school curriculum: Introduction*. Dublin: Stationary Office.

National Council for Curriculum and Assessment. (2016). *Proposals for structure and time allocation in a redeveloped primary curriculum: For consultation.* Retrieved from NCCA.ie: https://ncca.ie/media/1349/exec_summary_proposals_structure_and_time.pdf

Navés, Teresa and Victori, Mia. (2010) CLIL in Catalonia: An Overview of Research Studies. In Ruiz de Zarobe and Lasagabaster (eds.), *CLIL in Spain: Implementation, Results and Teacher Training*, Cambridge: Cambridge Scholars Publishing

Naves, Teresa. (2009) Effective Content and Language Integrated Learning (CLIL) Programmes. In Ruiz de Zarobe, and Jimenez Catalan (eds.), *Content and language integrated learning: Evidence from research in Europe* (pp.22-40). Bristol: Multilingual Matters.

Navés, Teresa. (2010). *What makes good CLIL teaching and learning?* Paper presented at the 25th GRETA Convention: Celebrating 25 years of teacher inspiration. Granada: University of Granada.

Ní Chlochasaigh, Karen. (2014). *Staidéar ar Fhoghlaimeoirí Éifeachtacha na Gaeilge ar an Dara agus ar an Tríú Leibhéal* . (Unpublished doctoral dissertation). IT Tralee, Tralee.

Ní Dhiorbháin, Aisling agus Ní Bhaoill, Máire. (2018). Taithí múinteoirí faoi oiliúint ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha. *COMHARTaighde, 4,* 1-13. DOI:

https://doi.org/10.18669/ct.2018.02S

Nikula, Tarja. (2005). English as an object and tool of study in classrooms: Interactional effects and pragmatic implications. *Linguistics and Education, 16,* 1, 27-58.

Ó Ceallaigh, T.J, Ní Mhurchú, Siobhán and Ní Chróinín, Deirdre. (2017). Balancing content and language in CLIL. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education, 5*, 1, 58-86. DOI: https://10.1075/jicb.5.1.03oce

Ó Ceallaigh, T.J. agus Ó Laoire, Muiris (2016) An Tumoideachas: Bua nó Dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Dubhchon, Seán (2019). Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha i Scoil T2. Páipéar curtha i láthair ag CLÉ, 2019, Baile Átha Cliath.

Perez-Canado, Maria. Luisa. (2012). CLIL research in Europe: Past, present, and future. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 15,* 3, 315-341. DOI: https://doi.org/10.1080/13670050.2011.630064

Phillips, Sharon R and Silverman, Stephen. (2015). Upper Elementary School Student Attitudes Toward Physical Education. *Journal of Teaching in Physical Education 34,* 3, 431-473.

Phillipson, Robert and Skutnabb-Kangas, Tove (1995). Linguistic Rights and Wrongs. *Applied Linguistics, 16,* 4, 483-504.

Rahman, Md Shidur. (2017). The Advantages and Disadvantages of Using Qualitative and Quantitative Approaches and Methods in Language "Testing and Assessment" Research: A Literature Review. *Journal of Education and Learning, 6,* 1, 102-112.

Rialtas na hÉireann, (2015). *Healthy Ireland survey 2015: Summary of findings*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis 20 blian don Ghaeilge:* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Ruiz de Zarobe, Yolanda. (2008). CLIL and Foreign Language Learning: A longitudinal Study in the Basque Country. *International CLIL Research Journal, 1,* 1, 60-73.

Seoighe, Feargus. (2014). An tairbhe agus na dúshláin a bhaineann le CLIL a chur i bhfeidhm i scoileanna lán-Bhéarla, *Léann Teanga An Réiviú, 2*, 63-75.

Seregély, Eva Maria. (2008). *A comparison of lexical learning in CLIL and traditional EFL classrooms*. Vienna: Universitat Wien.

Sylvén, Liss Kerstin. (2004). Teaching in English or English teaching? On the effects of content and language integrated learning on Swedish learners' incidental vocabulary acquisition. Göteborg: University of Gothenburg.

Sylvén, Liss Kerstin. (2013). CLIL in Sweden – why does it not work? A metaperspective on CLIL across contexts in Europe. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 16,* 3, 301-32,

Washburn, Lisa. (1997). English immersion in Sweden. A Case Study of Röllingby High School 1987-1989. Stockholm: Stockholm University, English Department.

Wolff, Don R. (2002). On the importance of CLIL in the context of the debate on plurilingual education in the European Union. In D. Marsh (ed.): *CLIL/EMILE. The European Dimension. Actions, Trends, and Foresight Potential* (pp.47-48). Jyväskylä: University of Jyväskylä.

Woods, Catherine B, Tannehill Deborah, Quinlan, Aoileann, Moyna, Niall and Walsh, Julia (2010). *The Children's Sport Participation and Physical Activity Study (CSPPA). Research Report No 1*; School of Health and Human Performance, Dublin: Dublin City University and The Irish Sports Council.

Zydatiss, Wolfgang. (2007). *Deutsch-Englische Züge in Berlin (DEZIBEL): Eine Evaluation des bilingualen Sachfachunterrichts an Gymnasien - Kontext, Kompetenzen, Konsequenzen*. Frankfurt am Main: Lang, Peter Frankfurt.

# Aguisíní

## Aguisín A - Litir Toilithe an Phríomhoide/Bord bainistíochta

Institiúid Oideachais Marino Institute of Education | An Associated College of Trinity College Dublin, the University of Dublin

Board of Management, 24th February 2020

Dear Principal and members of the board of management,

My name is Pádraic Ó Mainín and I am currently a PME student in Marino Institute of Education, Dublin. As part of this programme, I am conducting research in the area of the Irish language. My research is under the supervision of Dr. Claire M. Dunne and is entitled '*Promoting the Irish language through Content and Language Integrated Learning (CLIL)*'.

This project will investigate the attitudes of children towards the teaching and learning of Physical Education through the Irish language. The data collection for the project involves a ***short questionnaire*** that the children in second class will complete before and after they engage in PE lessons through Irish to get feedback from them on their experiences of CLIL. The questionnaire will take approx. 30 minute and will take place during school hours.

A small number of children will also be invited to take part in a focus group following each PE lesson. Their feedback will be used to help me plan the next lesson. It is hoped to complete the project between the 24th of February and the 7th of March and during school hours, so that the usual classroom routine and timetable is not affected.

I am aware that this this is a very busy time of year for you and your school and I would greatly appreciate your assistance with this project. I can foresee no risks being associated with individual and school participation in this study. The information gathered will be treated with confidentiality. No information about your school or the participants will be identified in the research. As your school would be the site for data collection, a copy of the results can be made available to you if requested.

Please note that the children involved are under no obligation to participate in this study and consent forms will be sent to the children's parents in advance for permission to conduct this research. Children will also be asked to give their consent in being involved in this study.

If you have any further questions regarding this research, please feel free to get in touch using the email address listed below. Finally, I would like to thank you for taking the time to consider my research. Without your generous participation, conducting such research would be impossible.

Kind Regards,

---

Email: pomaininpme18@momail.mie.ie Supervisor email: claire.dunne@mie.ie

Phone: 0868432572 Supervisor number: (01) 805 7700

**Aguisín B - Litir Toilithe don Tuismitheoir**

4th March 2020

Dear Parent/Guardian,

I am a PME student in Marino Institute of Education, Dublin. As part of my course, I am carrying out research in the area of the Irish language. This dissertation is investigating children's attitudes towards the teaching and learning of Physical Education through the Irish language.

If you and your child agree to take part in this study, your child will be asked to complete a questionnaire based on PE lessons conducted through the Irish language. The questionnaire will take approx. 20 minutes and will take place during school hours.

The information gathered will be treated with confidentiality. No information regarding your child will be revealed in the research and information will be stored securely.

If you and your child agree to take part in this study could you and your child please fill out the consent form below.

Kind Regards,

**Aguisín C - Foirm Aontaithe na dtuismitheoirí/bPáistí**

**Consent Form (Parent/Guardian)**

Please complete one of the two options below:

1. I allow my child ___________________________ to take part in this research.
   (Print child's name)
2. I do not allow my child ___________________________to take part in this research.
   (Print child's name)

Parent/Guardian Signature: ____________________________________________

Date: ___________________________________________________

**Consent Form (Child)**

***Put an "X" beside the correct sentence.***

*I am happy to take part in this study.*  ________

*I am NOT happy to take part in this study.*  ________

Child's Signature: ____________________________________________

Date: ___________________________________________________

## Aguisín D - Ceistneoir Ceacht 1

**Cuir ciorcal timpeall ar do fhreagra:**

1. Thaitin an ceacht liom 



Cén fáth?

2. Níor thaitin cúpla rud liom 



Cén fáth?


3. Bhí sé easca gach rud a dhéanamh.




4. Bhí sé deacair gach rud a dhéanamh.



5. D'fhoghlaim mé



6. Bhí sé tabhachtach an síneadh a dhéanamh mar…….



## Aguisín E - Ceistneoir Ceacht 2

**1. Soilse Tráchta – Scríobh an dath ceart…**



____________________


____Oráiste____

____________________

**2. Líon isteach na focail…**



**3. Scríobh isteach sa bholgán cainte céard a déarfaidh le do chara…**



## Aguisín F - Ceistneoir Ceacht 3

**1. Líon isteach an focal ceart…**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ciceáil** | **Caith** | **Rollaigh** | **Preab** |



______________



______________



______________



______________

**2. Liostaigh na cosúlachtaí/difríochtaí idir na málaí pónairí agus na liathróidí**

| <u>**Málaí Pónairí**</u> | <u>**Liathróidí**</u> |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Aguisín G - Grúpa Fócais

1. An maith leat corpoideachas? Cén fáth?
2. Ar thaitin na ceachtanna leat? Cén fáth?
3. An raibh siad deacair/éasca? Cén fáth?
4. An raibh na ceistneoirí deacair/éasca? Cén fáth?
5. Céard a d'fhoghlaim tú?
6. An bhfuil tú in ann aon athruithe a mholadh chun an ceacht a dhéanamh níos fearr?
7. An maith leat corpoideachas trí Ghaeilge? Cén fáth?

## Aguisín H – Plean Ceachta FCÁT

## Plean Ceachta 1 (Ábhar eile trí mhéan na Gaeilge:FCÁT)

| Dáta: 26/02/2020 | Ábhar: Corpoideachas | Rang: 3 |
|---|---|---|
| Fad an Cheachta:<br><br>40 nóim | Snáitheanna:<br><br>Cluichí<br><br>Teanga ó bhéal | Snáithaonaid:<br><br>Seoladh, glacadh agus taisteal, Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint<br><br>Gnéithe: Cumarsáid, Tuiscint |

**Cuspóir(í) an Churaclaim:**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- Raon de scileanna iompair agus buailte a fhorbairt agus a chleactadh.
- Scileanna fadhbréitigh agus cinnteoireachta a fhorbairt maille le tuiscint ar na modhanna beartaíochta agus na straitéisí atá inúsáidte i gcluichí modhnaithe.
- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird (t).
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid (t).
- Léiriú tuisceana (t).

**Cuspóirí Foghlama: (3/4)**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

| **Cuspóirí Teanga** | **Cuspóirí Ábhair** |
|---|---|
| • treoracha a leanúint agus a léiriú i gcluichí spreagúla (t)<br>• stór focal bunaithe ar codanna den chorp a léiriú agus a úsáid (t)<br>• treorach a thabhairt nó a leanúint bunaithe ar síneadh (t) | • roinnt cleachtaí gluaiseachtaí agus síneadh a dhéanamh<br>• scileanna iompar agus caitheamh a fheabhsú ag úsáid málaí pónairí |

**Áiseanna:**

- Málaí pónairí
- Cóin
- Pictiúrchártaí de chodanna an choirp leis na heiseamláirí teanga cuí

**Réamhrá:**

**(RI)(FG)** Tósóidh mé le cluiche téamh suas 'Soilse Tráchta'. Déanfaidh mé an cluiche a léiriú agus a mhúnlú don rang. Tabharfaidh mé cón do gach páiste, chun a bheith mar roth stiúrtha. Míneoidh mé

rialacha na ndathanna dóibh: dearg, glas, dubh nó oráiste. Tá gníomh bainteach le gach dath: Glas: bogann na páistí, Dearg: stadann na páistí, oráiste: athiompaíonn na páistí, Dubh: Léim.

**Forbairt:**

- **(RI)(FG)** Ansin múnlóidh mé roinnt síneadh do na páistí, agus leanfaidh an rang mo threoir agus mé ag cuir béim ar na focal dena chodanna atá mé ag síneadh, m. sh. na cosa, na rúitíní, na guaillí agus na lámha (t). Fiafróidh mé ar na páistí smaoineamh ar an gcúis ina mbímid ag síneadh roimh spórt a dhéanamh. Sreagcheist|:*Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach/go maith dúinn?*

- **(RI)(FG)** Ansin le cúnamh na pictiurchartaí taispéanfaidh mé focail de chodanna eágsula an choirp do na páistí. Le tuiscint na bpáistí a mheasanú, fiafróidh mé orthu páirteanna éagsula a thaispeaint dom (t). *"Taispeáin dom do ruitín?"*

- **(FG)(OA)** Ansin, cuirfidh mé iachall ar na páistí siúl timpeall an halla ag iompar mála pónairí ar chodanna éagsula dá gcorp – ar chúl na láimhe, ar bhos na láimhe, ar a gceann, ar a ngualainn. Déanfaidh na páistí iarracht na málaí pónairí a choinneáil cothrom agus iad ag léimt ar an spota. *Spreagcheist|: An bhfuil sé éasca nó deacair?*

- **(OA)(FG)** Ansin agus iad ina seasamh ar an spota fiafróidh mé ar na páistí na málaí pónairí a bhogadh timpeall codanna eile dá gcorp – ó lámh go lámh, timpeall a muineál/cos amháin/dhá chos, thar an gualainn srl. Arís déanfaidh mé tagairt do na pictiúrchartaí agus me ag tabhairt an treoir (t). *Spreagcheist|: An bhfuil sé éasca nó deacair?*

- **(FG)(OA)** Ansin, fiafróidh mé ar na páistí iarracht bualadh bos a dhéanamh i ndiaidh é a chaitheamh san aer agus breith air. Fiafróidh mé ar an rang gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh sula mbeirfidh siad ar an mála pónairí: "Cuir do lámh ar: do cheann/ghualainn/uileann srl. (t)". *Spreagnath|: Maith thú! Tá sé deacair!*

- **(OB)(FG)** Beidh na beirteanna roghnaithe sa seomra ranga cheanna féin, glaofaidh mé ar na páistí "teigh isteach i mbeirteanna". Úsáidfidh na beirteanna mála pónairí amháin ag caitheamh an mála ag a chéile, ag baint úsáide as an lámh a scríobhann siad leis/ lámh nach scríobhann sibh leis. *Spreagcheist|: An bhfuil sé éasca nó deacair?*

**Dul siar agus Clabhsúr:**

**(RI)(LP)(C)** Chun deireadh a chur leis an gceacht imreoidh na páistí an cluiche 'Lean an ceannaire'. Sínfidh siad na cosa, ag crith amach na cosa agus lámha. Treoireoidh mé na páistí agus iad ag siúl timpeall lena chéile agus iad ag síneadh amach na gcosa. Piocfaidh mé ceannaire agus fiafróidh mé air/uirthi treorach a thabhairt don rang.

I rith am fuaraigh, cuirfidh mé na páistí ina seasamh i gciorcal mór thart timpeall orm agus spreagfaidh mé na páistí, chun iad a chuir ag smaoineamh ar na scileanna a chlúdaigh muid sa gceacht, tré phlé a dhéanamh.